C/2024/5992

4.10.2024

FÓGRA ÓN GCOIMISIÚN

Cur i bhfeidhm na dTreoirlínte Léirmhínitheacha maidir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na cearta atá ag daoine faoi mhíchumas agus ag daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus iad ag taisteal d'aer

(C/2024/5992)

CLÁR NA NÁBHAR

Leathanach

1. Réamhrá 3

2. Treoirphrionsabail 4

2.1. Tá an ceart céanna chun saorghluaiseachta, chun saor-rogha agus chun neamh-idirdhealaithe ag daoine faoi mhíchumas agus ag daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus atá ag gach saoránach eile 4

2.1.1. Cosc ar dhiúltú glacadh le háirithint ó dhuine faoi mhíchumas nó ó dhuine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe nó ar dhiúltú duine faoi mhíchumas nó duine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe a bhordáil 4

2.1.2. Toirmeasc ar choinníollacha speisialta nó ar tháillí speisialta a fhorchur ar dhaoine faoi mhíchumas nó ar dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe chun taisteal 5

2.2. Cúnamh speisialta saor in aisce 5

2.3. Sábháilteacht eitlíochta 5

2.4. Comhar le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine faoi mhíchumas agus ar dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe 5

2.5. Cúnamh ardcháilíochta gan uaim atá oiriúnach do riachtanais ar leith gach paisinéara ar leith. 6

2.6. Faisnéis a sholáthar i bhformáidí inrochtana 6

3. Raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 7

3.1. Raon feidhme críochach 7

3.2. Raon feidhme pearsanta 7

3.2.1. An sainmhíniú ar dhaoine faoi mhíchumas agus ar dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe 7

3.2.2. Cruthúnas a iarraidh ar dhaoine faoi mhíchumas nó ar dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe maidir lena riocht sláinte 8

3.2.3. Tosca a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le soghluaisteacht laghdaithe: 9

4. Oiliúint 9

5. Rialacha is infheidhme maidir le hullmhú an turais 10

5.1. Inrochtaineacht suíomhanna gréasáin aerfort agus aeriompróirí agus seirbhísí gléas móibíleach-bhunaithe lena n-áirítear feidhmchláir mhóibíleacha 10

5.2. Faisnéis maidir le rialacha sábháilteachta agus srianta aerlínte a bhaineann le hiompar daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe 11

5.3. Áirithint 11

5.4. Réamhfhógra maidir le riachtanais chúnaimh 12

5.4.1. Réamhfhógra maidir leis an ngá atá le cúnamh 12

5.4.2. An oibleagáid atá ar aeriompróirí, ar a ngníomhairí agus ar thionscnóirí turas réamhfhógra a éascú agus é a tharchur chuig na gníomhaithe iomchuí 13

5.5. Diúltú áirithinte nó bordála 14

5.6. Ceanglas maidir le duine tionlacain ag gníomhú mar chúntóir sábháilteachta 15

5.7. Ag taisteal le madra cuidithe aitheanta 16

5.8. Suíocháin a chur in áirithe 17

5.9. Faisnéis a tharchur chuig an aerfort agus chuig an aeriompróir oibríochta 17

6. Cúnamh ag an aerfort 18

6.1. Pointí cruinnithe a ainmniú 18

6.2. Cé ba cheart cúnamh a chur ar fáil ag aerfoirt do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe? 19

6.3. Muirear sonrach ar úsáideoirí an aerfoirt chun cúnamh a mhaoiniú 19

6.4. Cúnamh a sholáthar ag an aerfort () 21

6.5. Caighdeáin cháilíochta aerfoirt 24

6.6. An oibleagáid atá ar aeriompróirí aird ar leith a thabhairt ar dhaoine faoi mhíchumas agus ar dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe i gcás moilleanna agus cealuithe 25

6.7. Sláinte agus sábháilteacht na foirne cúnaimh 25

7. Diúltú paisinéir faoi mhíchumas nó paisinéir a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe a bhordáil agus a chur de choinníoll ar bhordáil go mbeidh na paisinéirí sin ag taisteal le cúntóir sábháilteachta 26

8. Cúnamh arna sholáthar ag an aeriompróir 26

8.1. Madraí cuidithe aitheanta a iompar sa chábán 26

8.2. Iompar trealaimh soghluaisteachta 27

8.3. Trealamh leighis a iompar 27

8.4. Suíocháin a fhreastalaíonn ar riachtanais speisialta daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe () 28

8.5. Suíochán daoine atá ag tionlacan duine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe 28

8.6. Faisnéis shár-riachtanach faoi eitilt a chur in iúl 29

8.7. Cúnamh chun gluaiseacht chuig áiseanna leithris 29

9. Caillteanas trealaimh soghluaisteachta nó damáiste do threalamh den sórt sin 29

10. Gearáin 30

11. Ról na gcomhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe: faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh agus é a fhorfheidhmiú 31

1. **RÉAMHRÁ**

Tháinig Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) i bhfeidhm an 15 Lúnasa 2006. Tháinig sé i bhfeidhm go hiomlán an 26 Iúil 2008 ([2]).

Aithnítear in Airteagail 21 agus 26 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ([3]) an ceart atá ag daoine faoi mhíchumas chun neamh-idirdhealú, chun neamhspleáchas, chun lánpháirtiú sóisialta agus gairmiúil, agus chun rannpháirtíocht i saol an phobail. Cumhdaítear le hAirteagal 9 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas prionsabal na hinrochtaineachta agus ceanglaítear ar pháirtithe stáit bearta iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú gur féidir le daoine faoi mhíchumas rochtain a fháil, ar bhonn comhionann le daoine eile, ar shaoráidí agus ar sheirbhísí atá oscailte don phobal nó a chuirtear ar fáil don phobal, lena n-áirítear iompar ([4]). Tá ról tábhachtach ag Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 i gcur chun feidhme na gceart bunúsach sin toisc go mbunaítear leis rialacha chun daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus iad ag taisteal d'aer a chosaint ar idirdhealú; agus áirithítear leis go bhfaigheann siad an cúnamh a theastaíonn uathu chun go mbeidh siad in ann taisteal ar bhonn comhionann le saoránaigh eile.

Tugadh isteach le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 buntáistí doshéanta do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe. Mar sin féin, comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe a dhéileálann le forfheidhmiú Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, aerfoirt agus aeriompróirí, rinne siad cuid dá fhorálacha a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm ar bhealaí éagsúla. D'fhoilsigh an Coimisiún an chéad eagrán dá threoirlínte léirmhínitheacha in 2012 ([5]) chun treoir a thabhairt maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm roinnt forálacha de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006. Tá ceisteanna ardaithe ó shin ag na comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe, ag na haeriompróirí, na haerfoirt, na paisinéirí agus a gcomhlachais nach gcumhdaítear le treoirlínte léirmhínitheacha 2012. Thángthas ar an gconclúid freisin sa mheastóireacht a rinne an Coimisiún le déanaí ar Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 in 2021 gur gá léirmhíniú a dhéanamh ar fhorálacha nár cumhdaíodh le treoirlínte léirmhínitheacha 2012 ([6]).

I dteannta na n-oibleagáidí a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, ghlac an Chomhdháil Eorpach um Eitlíocht Shibhialta (ECAC) ([7]) roinnt caighdeán agus moltaí sa réimse sin. Go háirithe, tá treoraíocht i Roinn 5 de Ráiteas Beartais ECAC sa Réimse a bhaineann le hÉascú na hEitlíochta Sibhialta maidir le hiompar daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a éascú ([8]). Sonraítear in Airteagal 9(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, nach mór do chomhlachtaí bainistithe aerfoirt, agus a gcaighdeáin cháilíochta á leagan síos acu, Cód Dea-Iompair ECAC a chur san áireamh maidir le Láimhseáil ar an Talamh do Dhaoine a bhfuil a Soghluaisteacht Laghdaithe, Cód atá ar cheann de na hiarscríbhinní a ghabhann le Doiciméad Uimh. 30, Cuid I, Roinn 5, ECAC. Ina theannta sin, sonraítear in aithris 10 sa bhrollach a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, agus cúnamh á eagrú do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus oiliúint á cur ar a bpearsanra, gur cheart d'aerfoirt agus d'aeriompróirí aird a thabhairt ar Dhoiciméad Uimh. 30, Cuid I, Roinn 5, ECAC an tráth a ghlacfar Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006.

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir leis na cearta atá ag daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus iad ag taisteal d'aer (IO L 204, 26.7.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1107/oj).

([2]) Tá feidhm le hAirteagal 3 agus Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 ón 26 Iúil 2007.

([3]) IO C 326, 26.10.2012, lch. 400, ELI: http://data.europa.eu/eli/treaty/char_2012/oj.

([4]) () https://www.un.org/development/desa/disabilities/convention-on-the-rights-of-persons-with disabilities.html. Tá an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit ina bpáirtithe uile sa Choinbhinsiún.

([5]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin an 11 Meitheamh 2012, *Treoirlínte Léirmhínitheacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir leis na cearta atá ag daoine faoi mhíchumas agus ag daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus iad ag taisteal d'aer*, SWD(2012) 171 final, https://transport.ec.europa.eu/document/download/4a0673a7-27d2-421e-8cf2-5b59d2816c21_en?filename=2012-06-11-swd-2012-171_en.pdf.

([6]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin, *Meastóireacht ar Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir leis na cearta atá ag daoine faoi mhíchumas agus ag daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus iad ag taisteal d'aer*, SWD(2021) 417 final. https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52021SC0418.

([7]) Is eagraíocht idir-rialtasach é ECAC a bhunaigh an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) agus Comhairle na hEorpa. Tá 44 Bhallstát ann faoi láthair, lena n-áirítear gach ceann de 27 mBallstát an Aontais. Is é is aidhm dó beartais agus cleachtais eitlíochta sibhialta a chomhchuibhiú i measc a bhallstát agus, ag an am céanna, tuiscint ar chúrsaí beartais idir a bhallstáit agus codanna eile den domhan a chur chun cinn.

([8]) Doiciméad Uimh. 30, Cuid I, Roinn 5, ECAC. Is féidir teacht ar an leagan is déanaí den doiciméad (an 13ú hEagrán, Nollaig 2023) ag: https://www.ecac-ceac.org/images/activities/facilitation/ECAC-Doc_30_Part_I_Facilitation_13th_edition_13_Dec_2023.pdf.

Píosa breise reachtaíochta de chuid an Aontais lena ndeonaítear cearta do dhaoine faoi mhíchumas agus atá ábhartha i gcomhthéacs an aeriompair is ea Treoir (AE) 2019/882 maidir leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí ([9]) (an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht), lena leagtar síos ceanglais inrochtaineachta maidir le príomhtháirgí agus príomhsheirbhísí. Comhlánaíonn ceanglais inrochtaineachta áirithe a shonraítear i dTreoir (AE) 2019/882 Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006.

Is é is aidhm do na treoirlínte léirmhínitheacha sin forálacha Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 a shoiléiriú agus dea-chleachtais a chur chun cinn le cur i bhfeidhm níos fearr agus forfheidhmiú níos éifeachtaí agus níos comhsheasmhaí fhorálacha Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 a áirithiú. Mar sin féin, níl sé i gceist leis na treoirlínte léirmhínitheacha sin gach foráil a chumhdach ar bhealach uileghabhálach agus ní chruthaítear aon fhorálacha dlíthiúla nua leo. Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin nach bhfuil treoirlínte léirmhínitheacha ceangailteach ó thaobh dlí de, agus nach ndéanann siad difear d'aon léirmhíniú ar dhlí an Aontais dá bhforáiltear ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Tagann na treoirlínte léirmhínitheacha sin in ionad threoirlínte léirmhínitheacha 2012.

2. **TREOIRPHRIONSABAIL**

2.1. **Tá an ceart céanna chun saorghluaiseachta, chun saor-rogha agus chun neamh-idirdhealaithe ag daoine faoi mhíchumas agus ag daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus atá ag gach saoránach eile**

Luaitear in Aithris 1 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 go bhfuil an ceart céanna chun saorghluaiseachta, chun saoirse rogha agus chun neamh-idirdhealaithe ag daoine faoi mhíchumas agus ag daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus atá ag gach saoránach eile; agus go bhfuil feidhm ag an gceart sin maidir le haerthaisteal amhail réimsí eile den saol.

2.1.1. ***Cosc ar dhiúltú glacadh le háirithint ó dhuine faoi mhíchumas nó ó dhuine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe nó ar dhiúltú duine faoi mhíchumas nó duine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe a bhordáil***

Sonraítear in Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 nach ndiúltóidh aeriompróir ná a ghníomhaire ná tionscnóir turas áirithint daoine faoi mhíchumas ná nach ndiúltóidh siad daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a bhordáil le haghaidh eitilte ar fhorais a míchumais nó a soghluaisteachta laghdaithe.

Beartaítear le hAirteagal 4(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, dhá mhaolú ar an toirmeasc a leagtar amach in Airteagal 3 den Rialachán sin:

(i) i gcás nach féidir an duine lena mbaineann a iompar i gcomhréir leis na ceanglais sábháilteachta arna mbunú leis an dlí idirnáisiúnta, le dlí an Aontais ([10]) nó leis an dlí náisiúnta, nó ag an údarás a d'eisigh deimhniú aeroibreora an aeriompróra;

(ii) i gcás nach féidir leis an duine bordáil ná iompar a dhéanamh go fisiciúil de dheasca mhéid an aerárthaigh nó a dhoirse.

Ceanglaítear le hAirteagal 4(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 ar aeriompróirí, ar a ngníomhairí agus ar thionscnóirí turas na rialacha sábháilteachta a bhfuil feidhm acu maidir le hiompar daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a chur ar fáil go poiblí. Ba cheart na rialacha sin a bheith simplí, soiléir agus éasca a aimsiú ([11]).

Luaitear in Airteagal 4(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, má dhiúltaíonn aeriompróirí, a ngníomhairí nó a dtionscnóirí turas áirithint a ghlacadh ó dhaoine faoi mhíchumas agus ó dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe nó má dhiúltaíonn siad daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a bhordáil, go bhfuil siad chun iad a chur ar an eolas faoi na cúiseanna sonracha a bhaineann leis an diúltú. Ní mór na cúiseanna sin a bheith bunaithe go heisiach ar cheann amháin den dá mhaolú a leagtar amach in Airteagal 4 den Rialachán. I gcás ina bhfuil diúltú bunaithe ar mhaolú a leagtar amach in Airteagal 4(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, ceanglaítear le hAirteagal 4(1) ar aeriompróir nó ar a ghníomhaire nó ar thionscnóir turas gach iarracht réasúnach a dhéanamh rogha mhalartach inghlactha a mholadh don duine lena mbaineann.

Le hAirteagal 10, i gcomhar le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, cuirtear d'oibleagáid ar aeriompróirí trealamh soghluaisteachta daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a iompar. Is minic a bhíonn iarmhairtí ag diúltú do threalamh soghluaisteachta a iompar atá inchomparáide leis na hiarmhairtí a bhaineann le diúltú daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a iompar.

([9]) Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 i ndáil leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí (IO L 151, 7.6.2019, lch. 70, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/882/oj).

([10]) Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2012 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 296, 25.10.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/965/oj).

([11]) Féach pointe 5.2.2 le haghaidh na faisnéise íosta ba cheart a fhoilsiú.

Na cúiseanna a leagtar amach in Airteagal 4(1) agus in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 a bhaineann le méid an aerárthaigh agus a dhoirse agus na rialacha is infheidhme maidir le hiompar sábháilte earraí contúirteacha d'aer agus reachtaíocht sábháilteachta eitlíochta, ní feidir ach na cúiseanna sin a agairt chun údar a thabhairt le diúltú do threalamh soghluaisteachta a iompar.

2.1.2. ***Toirmeasc ar choinníollacha speisialta nó ar tháillí speisialta a fhorchur ar dhaoine faoi mhíchumas nó ar dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe chun taisteal***

Le prionsabal ginearálta an neamh-idirdhealaithe a chumhdaítear in Airteagal 1(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, cuirtear cosc ar iompróirí coinníollacha speisialta a fhorchur le haghaidh taisteal do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe.

Dá bhrí sin, de bhun Airteagal 4(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, ní fhéadfaidh aeriompróirí a cheangal ar dhaoine faoi mhíchumas agus ar dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe duine eile a bheith in éineacht leo ach amháin má bhíonn cúnamh de dhíth orthu chun na ceanglais sábháilteachta is infheidhme a chomhlíonadh.

2.2. **Cúnamh speisialta saor in aisce**

Chun deiseanna aerthaistil atá inchomparáide leis na deiseanna atá ar fáil do shaoránaigh eile a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, ba cheart go bhfaighidís cúnamh chun freastal ar a riachtanais ar leith ag an aerfort agus ar bord an aerárthaigh chomh maith ([12]). Ar mhaithe le cuimsiú sóisialta, ní mór do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe an cúnamh sin a fháil gan aon mhuirear breise, de bhun Airteagal 8(1) agus Airteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006. Dá réir sin, ní fhéadfaidh aeriompróirí, a ngníomhairí, a ngníomhairí taistil, a dtionscnóirí turas ná comhlachtaí bainistithe aerfoirt muirear breise a ghearradh ar dhuine faoi mhíchumas nó ar dhuine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe as cúnamh a thabhairt ag an aerfort nó ar bord aerárthaigh.

2.3. **Sábháilteacht eitlíochta**

Ní mór bunphrionsabal na sábháilteachta eitlíochta do gach paisinéir agus ball foirne a urramú agus ní féidir é a chur i mbaol. Mar sin féin, ba cheart a áirithiú go gcuirfear an prionsabal sin chun feidhme, nuair is féidir, ar bhealach ina gcuirfear san áireamh riachtanais speisialta daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus a gceart chun rochtain a fháil ar iompar ar bhonn comhionann le daoine eile; agus nach mbeidh tionchar díréireach aige sin ar a gcumas taistil. Ba cheart rialacha sábháilteachta eitlíochta a chur i bhfeidhm ar bhealach trédhearcach agus comhsheasmhach.

2.4. **Comhar le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine faoi mhíchumas agus ar dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe**

Go ginearálta, is iad daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe is fearr a thuigeann na riachtanais shonracha atá acu agus iad ag taisteal. Dá bhrí sin, is dea-chleachtas é do chomhlachtaí bainistithe aerfort agus d'aeriompróirí idirphlé buan a bhunú le heagraíochtaí a n-ionadaithe chun freagairt níos fearr dá riachtanais soghluaisteachta.

Leis na forálacha sonracha dá dtagraítear thíos de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, ceanglaítear go sainráite ar chomhlachtaí bainistithe aerfort comhoibriú le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine faoi mhíchumas agus ar dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe:

Ceanglaítear le hAirteagal 5(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 ar chomhlachtaí bainistithe aerfoirt comhoibriú le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine faoi mhíchumas agus ar dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus pointí teacht isteach agus imeachta á n-ainmniú acu ag a bhféadfaidh daoine faoi mhíchumas nó daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, gan stró, a fhógairt go bhfuil siad tagtha chuig an aerfort agus cúnamh a iarraidh.

I gcomhréir le hAirteagal 9(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, nuair a ghlacann comhlachtaí bainistithe aerfort caighdeáin cháilíochta le haghaidh cúnaimh, ní mór dóibh comhoibriú le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine faoi mhíchumas agus ar dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe (i measc comhlachtaí eile).

Luaitear in Iarscríbhinn 5-D a ghabhann le Doiciméad Uimh. 30, ECAC gur cheart do chomhlachtaí bainistithe aerfoirt agus d'aeriompróirí comhoibriú le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine faoi mhíchumas agus ar dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus a gcláir oiliúna, a mbeartais agus a nósanna imeachta á bhforbairt acu.

([12]) Féach aithris 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006.

Nuair a théann aeriompróirí agus comhlachtaí bainistithe aerfoirt i gcomhairle le heagraíochtaí daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, is fearr dul i dteagmháil le heagraíochtaí éagsúla a léiríonn réimse leathan míchumas agus laghduithe ar shoghluaisteacht.

Moltar freisin do chomhlachtaí bainistithe aerfort agus d'aeriompróirí ról a thabhairt d'eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine faoi mhíchumas agus ar dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe maidir le seirbhísí a dhearadh agus a mheas, lena n-áirítear cúnamh, saoráidí agus trealamh a sholáthar.

2.5. **Cúnamh ardcháilíochta gan uaim atá oiriúnach do riachtanais ar leith gach paisinéara ar leith**

Ní mór an cúnamh a chuirfear ar fáil a bheith iomchuí, a mhéid is féidir, do riachtanais ar leith an phaisinéara aonair de bhun Airteagal 7(7) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006.

Go háirithe, is cur chuige simplithe é cathaoir rothaí ag a bhfuil freastalaí a sholáthar do gach duine faoi mhíchumas agus do gach duine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, cur chuige lena ndéantar neamhaird ar éagsúlacht an riachtanais. D'fhéadfaí a áireamh leis sin, mar shampla, treoir a sholáthar do phaisinéirí lagamhairc, agus faisnéis bhunriachtanach a sholáthar i bhformáid inrochtana do phaisinéirí leathbhodhra. Ba cheart an cúnamh a eagrú ar bhealach a sheachnóidh cur isteach agus moill, agus ardchaighdeáin choibhéiseacha á n-áirithiú ar fud an Aontais ag an am céanna ([13]). Ba cheart é sin a thuiscint mar chúnamh a sholáthar atá leordhóthanach, compordach, sábháilte agus gan uaim. Ba cheart, dá bhrí sin, aistrithe ó sholáthróir cúnaimh amháin go soláthróir cúnaimh eile a sheachaint a mhéid is féidir, toisc gur minic a bhíonn aistrithe den sórt sin ina gcúis le moilleanna agus toisc go gcuireann siad iallach ar phaisinéirí fanacht le freastalaithe nua. Níor cheart an paisinéir a fhaigheann cúnamh a fhágáil sáinnithe riamh, gan cúnamh ná ina aonair ([14]), mura gcomhaontaítear a mhalairt leis an bpaisinéir.

2.6. **Faisnéis a sholáthar i bhformáidí inrochtana**

Ba cheart d'aeriompróirí agus do chomhlachtaí bainistithe aerfoirt an fhaisnéis fhíor-riachtanach uile a sholáthar d'aerphaisinéirí i bhformáidí malartacha atá inrochtana freisin do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe. Ba cheart an fhaisnéis a chuirtear ar fáil do phaisinéirí a bheith inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas mar réamhshocrú (go háirithe a mhéid a bhaineann le haipeanna suíomhanna gréasáin, meaisíní ticéadaithe agus deasca cabhrach) agus, le héifeacht ón 28 Meitheamh 2025, ba cheart í a ailíniú le ceanglais inrochtaineachta Threoir (AE) 2019/882.

Ciallaíonn 'formáidí malartacha' go gcuirtear faisnéis ar fáil i bhformáidí éagsúla ag an am céanna, ionas go mbeidh rochtain ag cách uirthi (mar shampla, má chuirtear faisnéis ar fáil ar scáileán agus ar mhodh fuaime freisin, beidh rochtain ag paisinéirí dalla agus bodhar araon uirthi). I measc na bhformáidí inrochtana tá na nithe seo a leanas, ach níl siad teoranta dóibh: cló mór; leagan Braille; carachtair ardaithe atá cabhartha; leaganacha soléite; formáidí fuaime amhail suíomhanna gréasáin; aipeanna móibíleacha; formáid físeáin (feistithe le fotheidil agus ateangaireacht sa teanga chomharthaíochta idirnáisiúnta agus náisiúnta) agus formáid leictreonach eile. Is féidir cur in iúl faisnéise do dhaoine atá leathbhodhar a éascú trí theilea-chornaí agus faisnéis amhairc a úsáid (e.g. picteagraim). Mar shampla, d'fhéadfaí an fhaisnéis a sholáthraítear a thaispeáint ar mhonatóirí. Is dea-chleachtas é foireann aerfoirt a bheith ann le linn uaireanta oscailte an aerfoirt atá líofa sna teangacha comharthaíochta náisiúnta agus idirnáisiúnta. Ba cheart an fhaisnéis a sholáthar sna teangacha céanna ar a laghad leis an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil do phaisinéirí eile ([15]).

De bhun Airteagal 4(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, tá aeriompróirí agus a ngníomhairí leis na rialacha sábháilteachta dá gcuid is infheidhme maidir le daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, chomh maith le haon srianta ar iompar daoine faoi mhíchumas nó daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, a chur ar fáil go poiblí i bhformáidí inrochtana. Ba cheart an fhaisnéis sin a bheith inrochtana, soiléir agus éasca a aimsiú (ar shuíomhanna gréasáin na n-aeriompróirí agus a ngníomhairí ar a laghad).

De bhun Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, ceanglaítear ar aeriompróirí freisin an fhaisnéis fhíor-riachtanach uile a bhaineann le heitilt a chur in iúl i bhformáidí inrochtana.

De bhun Airteagal 5(2) agus Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, ceanglaítear ar chomhlachtaí bainistithe aerfoirt an fhaisnéis bhunúsach faoin aerfort a theastaíonn ó dhaoine faoi mhíchumas agus ó dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe chun eitiltí a dhéanamh ag pointí ainmnithe teacht isteach agus imeachta aerfort a sholáthar i bhformáidí inrochtana.

([13]) Féach aithris 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006.

([14]) Sonraítear in Iarscríbhinn 5-D a ghabhann le Doiciméad Uimh. 30, ECAC nár cheart daoine faoi mhíchumas nó daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus a dteastaíonn cúnamh uathu a fhágáil ina n-aonair ar feadh tréimhse is faide ná 30 nóiméad.

([15]) Féach aithris 13 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006.

De bhun Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, ní mór do chomhlachtaí bainistithe aerfoirt an fhaisnéis a theastaíonn ó dhaoine faoi mhíchumas agus ó dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe chun dul ar eitiltí a sholáthar i bhformáidí inrochtana.

Ón 28 Meitheamh 2025 ar aghaidh, beidh sé de cheangal ar chomhlachtaí bainistithe aerfoirt agus ar aeriompróirí faisnéis iompair a sholáthar (lena n-áirítear faisnéis taistil fíor-ama) i gcomhréir leis na ceanglais inrochtaineachta a leagtar síos i dTreoir (AE) 2019/882. Tá feidhm ag an oibleagáid sin freisin maidir le suíomhanna gréasáin, seirbhísí gléas móibíleach-bhunaithe, ticéadú cliste, teirminéil féinseirbhíse agus meaisíní ticéadaithe.

3. **RAON FEIDHME RIALACHÁN (CE) UIMH. 1107/2006**

3.1. **Raon feidhme críochach**

Sonraítear in Airteagal 1(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 go bhfuil feidhm aige maidir le daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus a úsáideann nó a bheartaíonn úsáid a bhaint as aersheirbhísí tráchtála do phaisinéirí ar imeacht dóibh ó aerfort, ar idirthuras a dhéanamh trí aerfort nó ar theacht isteach in aerfort dóibh, i gcás ina bhfuil an t-aerfort suite i gcríoch Ballstáit a bhfuil feidhm ag an gConradh maidir leis ([16]).

Le hAirteagal 1(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, leathnaítear raon feidhme Airteagail 3, 4 agus 10 den Rialachán chuig paisinéirí atá ag imeacht ó aerfort atá lonnaithe i dtríú tír agus atá ag teacht isteach in aerfort atá lonnaithe i gcríoch Ballstáit a bhfuil feidhm ag an gConradh maidir leis, más aeriompróir de chuid an Aontais é an t-iompróir oibriúcháin. Dá bhrí sin, níl feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 maidir le heitiltí arna n-oibriú ag aeriompróirí nach aeriompróirí de chuid an Aontais iad (i.e. aeriompróirí nach bhfuil ceadúnas oibríochta acu arna eisiúint ag Ballstát den Aontas) atá ag taisteal ó aerfort tríú tír chuig aerfort atá lonnaithe ar chríoch an Aontais.

3.2. **Raon feidhme pearsanta**

3.2.1. ***An sainmhíniú ar dhaoine faoi mhíchumas agus ar dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe***

In Airteagal 2, pointe (a), de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, sainmhínítear "duine faoi mhíchumas' nó 'duine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe' mar 'aon duine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe agus é ag úsáid seirbhíse iompair, ar laghdú é a éiríonn mar thoradh ar mhíchumas coirp (míchumas céadfach nó gluaisluaile, cibé acu buan nó sealadach), ar mhíchumas nó laige intleachta, nó aon ní eile is cúis le míchumas, nó mar thoradh ar aois, agus aon duine a bhfuil aire iomchuí ag teastáil uaidh mar gheall ar an mbail atá air agus aon duine ar ina leith nach mór na seirbhísí a chuirtear ar fáil do gach paisinéir a oiriúnú dá riachtanais ar leith'.

Ní grúpa aonchineálach iad daoine faoi mhíchumas agus bíonn riachtanais éagsúla acu. D'fhéadfadh go mbeadh níos mó ná míchumas amháin ag cuid acu. Tá roinnt míchumas le feiceáil, ach tá go leor míchumas nach mbíonn infheicthe agus níl siad le feiceáil láithreach ag daoine eile (e.g. roinnt riochtaí néareolaíocha cognaíocha agus tinnis ainsealacha) ([17]). Tá an dea-chleachtas curtha chun feidhme ag roinnt aerfort chun an rogha a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas nach míchumas infheicthe é iad féin a aithint mar dhaoine a dteastaíonn cúnamh uathu trí láinnéar, bráisléad nó a leithéid atá deartha go cuí a chaitheamh.

Chun críche Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, is féidir le míchumais a bheith ina míchumas buan nó, uaireanta, gan a bheith ach ina míchumas sealadach (e.g. géag bhriste). Féadfaidh na hairíonna a bhaineann le míchumais teacht agus imeacht, ionas go bhféadfaidh daoine a bheith éagumasaithe go dona nó soghluaisteacht laghdaithe a bheith acu ag amanna ar leith ach go mbeidh siad breá cumasach amanna eile.

([16]) De réir Airteagal 355 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), níl feidhm ag dlí an Aontais maidir leis na tíortha agus na críocha a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le CFAE (féach Iarscríbhinn II a ghabhann le CFAE https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=celex%3A12007L%2FTXT). Ina ionad sin, tá na tíortha agus na críocha sin faoi réir na socruithe speisialta comhlachais a leagtar síos i gcomhréir le Cuid a Ceathair de CFAE. Thairis sin, níl feidhm ag dlí an Aontais maidir le hOileáin Fharó, de réir ghníomh aontachais na Danmhairge. Dá bhrí sin, measfar gur tríú tír iad Oileáin Fharó de réir bhrí Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006.
Os a choinne sin, de réir Airteagal 355 CFAE, tá feidhm ag forálacha na gConarthaí maidir leis na ranna Francacha thar lear (i.e. Guadalúip, Guáin na Fraince, Martinique, La Réunion, Saint-Barthelemy agus Saint-Martin), na hAsóir, Maidéara agus na hOileáin Chanáracha. Dá bhrí sin, tá na críocha sin ina gcuid de Bhallstát a bhfuil feidhm ag an gConradh maidir leis de réir bhrí Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006.
Tá Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 infheidhme freisin maidir leis an Íoslainn agus leis an Iorua (i gcomhréir le Comhaontú LEE) agus leis an Eilvéis (i gcomhréir le Comhaontú 1999 idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le hAeriompar).

([17]) D'fhoilsigh Comhairle Idirnáisiúnta na nAerfort (ACI) na hEorpa in 2024 a treoirlínte maidir le bheith 'Ag cabhrú le paisinéirí faoi mhíchumas nach míchumas infheicthe é' do chomhlachtaí bainistithe aerfort. Déantar cur síos sna treoirlínte sin ar na míchumais nach míchumais infheicthe iad is coitianta agus soláthraítear treoir phraiticiúil iontu maidir le conas cabhrú le daoine faoi na míchumais sin: https://www.aci-europe.org/downloads/publications/ACI%20EUROPE%20Guidance%20on%20assisting%20passengers%20with%20non-visible%20disabilities%202024.pdf.

Mar gheall ar mhéid agus castacht mhéadaitheach na n-aerfort agus an teorainn ama atá ar fáil chun geata imeachta a bhaint amach, féadfaidh daoine a bheadh neamhspleách murach sin cúnamh a iarraidh. Cé go mb'fhéidir nach mbeadh cúnamh ag teastáil uathu ina saol laethúil, b'fhéidir nach mbeadh siad in ann achair fhada a shiúl in aerfoirt laistigh de thréimhse theoranta ama.

Dá bhrí sin, tá sé inmholta do chomhlachtaí bainistithe aerfoirt úsáid a bhaint as dearadh aerfoirt atá soláimhsithe agus éasca le húsáid, agus as comharthaíocht shoiléir gan débhrí; siúlóidí fada a íoslaghdú; agus paisinéirí a chur ar an eolas faoi aon sonraí tábhachtacha maidir lena n-eitiltí agus faoi athruithe ar na sonraí sin (e.g. an geata imeachta) a luaithe a bheidh an fhaisnéis sin ar fáil.

Nuair a iarrann daoine faoi mhíchumas nó daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe cúnamh, ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar gach iarraidh ar a fiúntas faoi seach chun a áirithiú go mbeidh an cúnamh i gcomhréir le riachtanais iarbhír an duine lena mbaineann sna dálaí sonracha timpeallachta agus eitilte (a bhaineann le haerfort nó le haerárthach), ach táthar ag súil go gcuirfear cúnamh ar fáil gan srianta míchuí. Is fiú a chur i bhfios go láidir sa chomhthéacs sin go bhféadfadh sé nach mbeadh cúnamh ag teastáil ó roinnt paisinéirí ach amháin ag an aerfort féin (nó fiú ag aerfoirt áirithe amháin, ag brath ar mhéid agus ar ghnéithe sonracha an aerfoirt) ach nach mbeadh cúnamh ag teastáil uathu ar bord an aerárthaigh.

Ciallaíonn sé sin, má chuireann aeriompróir teorainn le líon na bpaisinéirí faoi mhíchumas ar bord chun rialacha sábháilteachta eitlíochta a chomhlíonadh, nach féidir leis teorainneacha den sórt sin a chur i bhfeidhm ach amháin maidir le paisinéirí a bhfuil cúnamh ag teastáil uathu ar bord agus ní maidir leis na daoine sin atá faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe nach bhfuil cúnamh ag teastáil uathu ach amháin ag an aerfort chun an geata imeachta a bhaint amach agus, tar éis dóibh teacht isteach, chun imeacht amach as an aerfort.

3.2.2. *Cruthúnas a iarraidh ar dhaoine faoi mhíchumas nó ar dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe maidir lena riocht sláinte*

Ní cheanglaítear le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 ar dhaoine faoi mhíchumas ná ar dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe fianaise a sholáthar maidir leis an riocht ina bhfuil siad chun údar cuí a thabhairt lena n-iarraidh ar chúnamh. Dá bhrí sin, ní cheadaítear d'aeriompróirí fianaise den sórt sin a iarraidh mar réamhchoinníoll chun cúnamh a sholáthar.

Mar sin féin, is féidir grinnfhiosrúchán speisialta a dhéanamh má tá forais réasúnacha ag aeriompróir nó ag a ghníomhaire, ag tionscnóir turas, ag comhlacht bainistithe aerfoirt nó ag cuideachta a sholáthraíonn cúnamh speisialta thar ceann comhlacht a bhainistíonn aerfort le hamhras a bheith air go bhféadfadh paisinéir mí-úsáid a bhaint as chun tairbhe a bhaint as cúnamh saor in aisce. Ba cheart fiosrúchán den sórt sin a láimhseáil go han-chúramach ar fad, agus dínit agus ceart chun príobháideachas an phaisinéara lena mbaineann á gcur san áireamh. Féadfar cúnamh a dhiúltú má bhraitear mí-úsáid.

Má tá riocht sláinte ar phaisinéir a chuireann a n-iompar sábháilte nó sláinte paisinéirí eile agus na mball foirne faoi bhagairt ([18]), féadfaidh an t-aeriompróir, a ghníomhaire nó an tionscnóir turas imréiteach leighis a iarraidh chun a fháil amach an bhfuil an paisinéir oiriúnach chun dul ar eitilt. Is dea-chleachtas é d'aeriompróirí glacadh le 'cártaí imréitigh leighis daoine a eitlíonn go minic', ina bhfianaíonn dochtúir go bhfuil paisinéir a bhfuil riocht ainsealach air in ann dul ar eitilt, ní bheidh aon ghá imréiteach leighis a fháil le haghaidh gach turais laistigh de thréimhse bhailíochta an chárta ([19]).

Má shuitear nach bhfuil duine inniúil ó thaobh leighis de chun dul ar eitilt (toisc go bhfuil baol ann nach féidir an t-iompar a dhéanamh ar bhealach sábháilte nó toisc go bhféadfadh sé sábháilteacht na heitilte a chur i mbaol), tá an t-aeriompróir údaraithe iompar an duine sin a dhiúltú ([20]).

Foráiltear le hAirteagal 2, pointe (j) de Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([21]) freisin go bhfuil sé ceadaithe d'aerlínte diúltú do dhaoine nach bhfuil ábalta dul ar eitilt, de réir míochaine, a iompar. Dá bhrí sin, níl feidhm ag na cearta paisinéirí a bhaineann le cead bordála a dhiúltú faoi Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 maidir le duine a ndiúltaítear cead bordála dó ar fhorais réasúnacha (lena n-áirítear i gcás inarb é ba chúis leis an diúltú gur measadh nach bhfuil oiriúnacht liachta chun dul ar eitilt aige).

([18]) Sonraítear i Rún 700 ó IATA (Glacadh agus Iompar Paisinéirí Éagumasaithe) (an 22ú heagrán, Meitheamh 2022) na himthosca faoina bhféadfadh sé a bheith iomchuí a cheangal go ndéanfaí imréiteach leighis ar an bpaisinéir lena mbaineann.

([19]) Féach pointe 3.1.3 maidir le Cárta Leighis i gCás Daoine a Eitlíonn go Minic (FREMEC) i Rún 700 ó IATA (Glacadh agus Iompar Paisinéirí Éagumasaithe) (an 22ú heagrán, Meitheamh 2002).

([20]) De réir CAT.GEN.MPA.105 (Freagrachtaí an cheannasaí (ceannasaí na heitilte)) a leagtar amach in Iarscríbhinn IV. Fochuid A de Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 296, 25.10.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/965/oj).

([21]) Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 lena mbunaítear comhrialacha maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás nach gceadófar dóibh bordáil agus i gcás ina gcuirfear eitiltí ar ceal nó i gcás ina gcuirfear moill fhada orthu agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 295/91 (IO L 46, 17.2.2004, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/261/oj).

3.2.3. ***Tosca a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le soghluaisteacht laghdaithe***

3.2.3.1. *Aois*

Is féidir le laguithe atá nasctha leis an tseanaois a bheith ina gcúis níos mó le soghluaisteacht laghdaithe ná mar a bhíonn i gceist leis an ngnáthphaisinéir. I gcás inar gá, ní mór aghaidh a thabhairt ar an tsoghluaisteacht laghdaithe sin trí chúnamh iomchuí a chur ar fáil.

Cuireann roinnt aeriompróirí seirbhís mionaoiseach neamhthionlactha ar fáil a ligeann do leanaí taisteal ina n-aonar gan duine fásta, gaol ná caomhnóir faoi mhaoirseacht fhoireann na haerlíne. Ní chumhdaítear mionaoisigh neamhthionlactha den sórt sin le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 agus ní féidir cúnamh do dhaoine faoi mhíchumas ná do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a chur in ionad na seirbhíse do mhionaoiseach neamhthionlactha.

Níor cheart cásanna ina bhfuil daoine fásta atá ag taisteal le leanaí óga (go háirithe naíonáin) a bhféadfadh a n-aois a soghluaisteacht ag an aerfort a theorannú (e.g., d'fhéadfadh sé nach mbeidís in ann déileáil le hachair fhada ag aerfoirt mhóra i mbeagán ama nó staighre a dhreapadh in éagmais ardaitheoirí) a eisiamh ó sholáthar cúnaimh faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006. I gcásanna den sórt sin, féadfar cúnamh a sholáthar chun a mbagáiste a iompar ag an aerfort, ionas gur féidir leis an duine fásta tionlacain díriú ar chúnamh a thabhairt do na leanaí óga ina soghluaisteacht.

3.2.3.2. *Toircheas*

Níl aon oibleagáid ar aeriompróirí paisinéirí torracha a iompar nuair nach gceadaítear dóibh dul ar eitilt ar chúiseanna sláinte nó sábháilteachta. Mar sin féin, nuair a dhéantar difear do shoghluaisteacht paisinéara atá torrach (e.g. maidir leis an gcumas gluaiseacht go tapa agus go héasca trí aerfort mór) agus go háirithe ag pointí nasctha, féadfar a mheas go dtagann sé sin faoi raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006.

3.2.3.3. *Daoine atá murtallach*

Má laghdaíonn riocht daoine atá murtallach a soghluaisteacht go soiléir (e.g., trí chosc a chur orthu gluaiseacht go héasca tríd an aerfort nó trí thimpeallacht na n-aerárthaí), féadfar iad a mheas mar dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe. Maidir le haon chatagóir eile daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, féadfaidh ceanglais sábháilteachta rochtain ar aerthaisteal a theorannú do dhaoine atá murtallach (e.g., toisc nach bhfuil suíocháin iomchuí ar fáil, cibé acu maidir le méid nó stóinseacht an tsuíocháin féin nó an chreasa sábhála).

4. **OILIÚINT**

Is gné thábhachtach í an oiliúint chun a áirithiú go gcomhlíonfar ceanglais Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006. Ní mór leibhéal iomchuí oiliúna a chur ar phearsanra aeriompróirí agus comhlachtaí bainistithe aerfoirt (lena n-áirítear aon fhochonraitheoirí atá ag obair thar a gceann) a dhéileálann go díreach leis an bpobal atá ag taisteal.

Ba cheart do chomhlachtaí bainistithe aerfoirt agus d'aeriompróirí aird a thabhairt ar Dhoiciméad Uimh. 30, Cuid I, Roinn 5, ECAC agus oiliúint a bpearsanra á heagrú acu ([22]).

Ba cheart an oiliúint a chur in oiriúint do na riachtanais phoist ar leith agus ní mór na dualgais dhlíthiúla ábhartha a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 nó i reachtaíocht idirnáisiúnta, reachtaíocht de chuid an Aontais nó reachtaíocht náisiúnta eile a chur san áireamh inti.

Tá trí leibhéal oibleagáidí oiliúna ann, i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006.

(a) maidir le pearsanra a oibríonn thar ceann comhlachtaí bainistithe aerfoirt agus aeriompróirí (lena n-áirítear iad siúd atá fostaithe ag fochonraitheoirí), a sholáthraíonn cúnamh díreach do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, ní mór dóibh oiliúint a fháil a thabharfaidh eolas sonrach agus éifeachtach dóibh ar conas riachtanais na bpaisinéirí sin a chomhlíonadh ([23]).

([22]) Féach aithris 10 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006.

([23]) Mar shampla, ba cheart oiliúint shonrach a chur ar ghníomhairí áirithinte agus ar phearsanra lárionaid glaonna aeriompróirí maidir le conas faisnéis a lorg faoi mhíchumas nó faoi laghdú ar shoghluaisteacht; cad iad na gnáthriachtanais chúnaimh a bhíonn ag duine atá faoin míchumas sonrach sin nó a bhfuil an laghdú sonrach sin ar a shoghluaisteacht; agus conas an fhaisnéis maidir le cúnamh a thaifeadadh agus a áirithiú go gcuirfear ar aghaidh i gceart í.
Ba cheart na gnéithe sláinte agus sábháilteachta a bhaineann le cúnamh a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a mhúineadh freisin chun a áirithiú nach gcuirfear sláinte agus sábháilteacht na foirne i mbaol agus cúnamh á chur ar fáil ag an am céanna.

(b) maidir le pearsanra a oibríonn thar ceann chomhlachtaí bainistithe aerfoirt nó aeriompróirí ag an aerfort, a mbíonn teagmháil dhíreach acu leis an bpobal i gcoitinne a bhíonn ag taisteal, ní mór dóibh oiliúint maidir le comhionannas míchumais agus feasacht ar mhíchumas a fháil ([24]). Níl an oibleagáid oiliúna sin chomh dian céanna, agus tá leibhéal na hoiliúna níos ginearálta ná an oiliúint do phearsanra (sa mhír roimhe seo) a sholáthraíonn cúnamh díreach do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe. Mar sin féin, tá feidhm aige maidir le grúpa níos mó pearsanra.

(c) ní mór oiliúint a bhaineann le míchumas a chur ar gach fostaí nua de chuid aeriompróirí agus de chuid comhlachtaí bainistithe aerfort (lena n-áirítear iad siúd nach bhfuil ag obair i dteagmháil dhíreach leis an bpobal atá ag taisteal) ([25]). Ba cheart leibhéal agus déine na hoiliúna a bheith ag brath ar cé acu atá nó nach bhfuil teagmháil dhíreach ag an bhfoireann leis an bpobal atá ag taisteal. Mura mbíonn teagmháil den sórt sin ann, d'fhéadfadh sé gurb í an oiliúint an cineál oiliúna is lú atá dian agus is ginearálta de na trí chineál oiliúna a leagtar amach in Airteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006.

Ní mór do chomhlachtaí bainistithe aerfoirt agus d'aeriompróirí a áirithiú go bhfaighidh a bpearsanra uile cúrsaí oiliúna athnuachana go rialta.

Ba cheart oiliúint iomchuí a chur ar gach ball foirne atá páirteach san aeriompar. Mar shampla, ba cheart do ghníomhairí taistil oiliúint a fháil ionas go dtuigfidh siad na riachtanais agus an cineál cúnaimh a theastaíonn ó na catagóirí éagsúla daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart oiliúint a chur ar an bhfoireann slándála ionas go ndéanfaidh siad seiceálacha slándála agus lánurraim á tabhairt do dhínit daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe.

Ba cheart dul i gcomhairle le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine faoi mhíchumas agus ar dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe maidir le hábhar na gclár oiliúna. Ba cheart d'oibreoirí aerfoirt agus aerárthaí breithniú a dhéanamh ar na heagraíochtaí sin a bheith rannpháirteach maidir le meastóireacht a dhéanamh ar ábhar a gclár oiliúna agus, i gcás inar féidir, maidir le soláthar na hoiliúna féin ([26]).

Tá treoirlínte i nDoiciméad Uimh. 30, Cuid I, Roinn 5, ECAC maidir le raon feidhme, ábhar agus eagrú na gclár oiliúna éagsúil ([27]) ar cheart d'aeriompróirí agus do chomhlachtaí bainistithe aerfoirt a chur san áireamh agus a gcláir oiliúna á gceapadh acu ([28]).

5. RIALACHA IS INFHEIDHME MAIDIR LE HULLMHÚ AN TURAIS

5.1. Inrochtaineacht suíomhanna gréasáin aerfort agus aeriompróirí agus seirbhísí gléas móibíleach-bhunaithe lena n-áirítear feidhmchláir mhóibíleacha

Tá ról lárnach ag suíomhanna gréasáin agus ag seirbhísí gléas móibíleach-bhunaithe (lena n-áirítear feidhmchláir mhóibíleacha aerfort agus aeriompróirí) maidir le faisnéis a chur ar fáil do chustaiméirí nuair a chuireann siad ticéid eitilte in áirithe agus nuair a thugann siad fógra faoi riachtanais chúnaimh. Agus suíomhanna gréasáin inrochtana den sórt sin á ndearadh, ba cheart treoirlínte idirnáisiúnta ([29]) agus caighdeáin AE ([30]) atá ann cheana a chur san áireamh i gcónaí chun freastal ar riachtanais daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe. In Iarscríbhinn 5-J a ghabhann le Doiciméad Uimh. 30, Cuid I, Roinn 5, ECAC tugtar tuairisc mhionsonraithe ar na caighdeáin ba cheart d'aerfoirt agus d'aeriompróirí a leanúint chun a suíomhanna gréasáin agus a bhfeidhmchláir mhóibíleacha a dhéanamh inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe. Sonraítear sna caighdeáin sin go háirithe gur cheart go mbeadh sé éasca teacht ar fhaisnéis do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus ar leathanach amháin nach bhfuil níos mó ná cliceáil amháin ar shiúl ó leathanach baile shuíomh gréasáin aeriompróra nó aerfoirt. Ón 28 Meitheamh 2025, ceanglófar ar chomhlachtaí bainistithe aerfort agus aeriompróirí a suíomhanna gréasáin agus a seirbhísí gléas móibíleach-bhunaithe (lena n-áirítear feidhmchláir mhóibíleacha) a dhéanamh inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe ar bhonn comhionann le gach paisinéir eile – i gcomhréir le hAirteagal 2(2), pointe (c)(i) agus (ii) de Threoir (AE) 2019/882.

([24]) Ba cheart ceannasaithe aerárthaí a bheith san áireamh sa chatagóir sin freisin, ionas gur féidir leo cinntí eolasacha a dhéanamh maidir le bordáil daoine atá faoi mhíchumas nó daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar a n-oiliúint maidir le 'míchumais nach míchumais infheicthe iad'.

([25]) Mar shampla, ba cheart oiliúint a chur ar bhaill foirne láimhseála ar an talamh i dtaca le trealamh soghluaisteachta a láimhseáil.

([26]) Féach Iarscríbhinn 5-G a ghabhann le Doiciméad Uimh. 30, Cuid I, Roinn 5, ECAC.

([27]) Féach go háirithe Iarscríbhinn 5-G a ghabhann le Doiciméad Uimh. 30, Cuid I, Roinn 5, ECAC.

([28]) Féach aithris 10 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006.

([29]) Na Treoirlínte maidir le hInrochtaineacht Ábhair ar an nGréasán (WCAG) 2.1 faoi láthair: https://www.w3.org/TR/WCAG21/.

([30]) Féach mar shampla an Caighdeán Eorpach Comhchuibhithe maidir le hInrochtaineacht TFC (EN 301 549): https://www.etsi.org/human-factors-accessibility/en-301-549-v3-the-harmonized-european-standard-for-ict-accessibility.

5.2. **Faisnéis maidir le rialacha sábháilteachta agus srianta aerlínte a bhaineann le hiompar daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe**

Sonraítear in Airteagal 4(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 'go gcuirfidh aeriompróir nó a ghníomhaire ar fáil go poiblí, i bhformáidí inrochtana agus sna teangacha céanna ar a laghad leis an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil do phaisinéirí eile, na rialacha sábháilteachta a chuireann sé i bhfeidhm maidir le hiompar daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, chomh maith le haon srianta ar a n-iompar nó ar iompar trealaimh shoghluaisteachta i ngeall ar mhéid an aerárthaigh'. Mar sin féin, 'cuirfidh tionscnóir turas na rialacha agus na srianta sábháilteachta sin ar fáil maidir le heitiltí a áirítear i dtaisteal láneagraithe, saoire láneagraithe agus turais láneagraithe a eagraíonn sé, a dhíolann sé nó a thairgeann sé lena ndíol'.

Ba cheart an méid seo a leanas ar a laghad a áireamh san fhaisnéis sin ([31]): aon teorainneacha a bhaineann le ceanglais nó teorainneacha sábháilteachta i ngeall ar mhéid an aerárthaigh; cásanna ina gceanglaítear ar dhuine tionlacain cúnamh sábháilteachta a sholáthar; aon easpa leithris inrochtana; aon easpa tacaí sciathán pasáiste inaistrithe; toisí an tsuíocháin agus méid an phasáiste i dtaca le ceanglais sábháilteachta nó le méid an aerárthaigh; faisnéis maidir le hinrochtaineacht laistigh den aerárthach; cé acu an bhfuil nó nach bhfuil cathaoireacha rothaí ar bord ag an aerlínechun rochtain a fháil ar na leithris; faisnéis maidir le trealamh leighis agus madraí cuidithe aitheanta a iompar; faisnéis maidir le soláthar ocsaigine leighis; conas cúnamh a fháil; agus conas gearán a dhéanamh. Ba chóir an teanga a bheith simplí agus sothuigthe. Ba cheart d'aeriompróirí an fhaisnéis sin a chur ar fáil go héasca ar a leathanaigh baile agus trína seirbhís do chustaiméirí, ionas gur féidir le daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe cinneadh eolasach a dhéanamh maidir le taisteal ar eitilt ar leith ar bhonn na nósanna imeachta sábháilteachta agus an chúnaimh a chuirtear ar fáil ar bord.

I gcás inar féidir, ba cheart faisnéis den sórt sin a bheith ar fáil do phaisinéirí sula ndéanfaidh siad áirithint, nó ar a laghad a luaithe a bheidh an fhaisnéis sin ar fáil.

5.3. **Áirithint**

Chun réamhfhógra feabhsaithe d'aeriompróirí maidir lena riachtanas cúnaimh a áirithiú (lena n-áirítear trína ngníomhairí agus trína dtionscnóirí turas) agus chun inrochtaineacht uasta a chumasú do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, ba cheart do chustaiméirí a bheith in ann áirithintí a dhéanamh ar an teileafón nó ar an idirlíon. Maidir le haeriompróirí, a ngníomhairí agus a dtionscnóirí turas a spreagann custaiméirí chun áirithint a dhéanamh go heisiach ar shuíomh gréasáin, ba cheart dóibh a chur san áireamh go bhféadfadh sé nach mbeadh daoine áirithe in ann rochtain a fháil ar a suíomhanna gréasáin ar chúiseanna a bhaineann lena míchumas ([32]).

D'fhéadfadh sé, mar sin féin, gurbh fhearr le daoine a chuireann a dticéid in áirithe trí shuíomhanna gréasáin míniú a thabhairt ar an gcúnamh a theastaíonn uathu mar gheall ar a sainriachtanais ar an teileafón. Cuireann sé sin ar chumas gníomhairí áirithinte ceisteanna ábhartha a chur agus tuiscint níos fearr a fháil ar riachtanais chúnaimh an chustaiméara. Is dea-chleachtas é d'aeriompróirí línte teileafóin tiomnaithe saor in aisce a bhunú (lena n-áirítear seirbhísí athsheachadta físeán sa teanga chomharthaíochta náisiúnta) agus foireann a bheith acu ar speisialtóirí iad ar chúrsaí inrochtaineachta a láimhseáil le haghaidh iarrataí ar chúnamh. Sula nglacfaidh siad le háirithintí ó dhaoine faoi mhíchumas nó ó dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, ba cheart d'aeriompróirí, dá ngníomhairí agus dá dtionscnóirí turas gach iarracht réasúnach a dhéanamh chun a fhíorú cé acu an bhfuil nó nach bhfuil cúis sábháilteachta ann nach féidir leis na daoine sin dul ar bord na heitilte lena mbaineann ([33]).

Moltar d'idirghabhálaithe eile an cur chuige céanna a leanúint. Tá sé fíor-riachtanach go ndéanfaidh aeriompróirí faisnéis a chomhroinnt go tráthúil leis na hidirghabhálaithe eile sin ionas go mbeifear in ann paisinéirí a chur ar an eolas i gceart.

Ba cheart do ghníomhairí aeriompróirí rabhadh a thabhairt do chustaiméirí srianta sábháilteachta agus slándála an aeriompróra a sheiceáil sula n-eitleoidh siad, toisc go bhféadfadh tionchar a bheith ag srianta den sórt sin ar iompar trealaimh leighis nó soghluaisteachta (e.g. cineálacha áirithe ceallraí le haghaidh trealamh soghluaisteachta). Maidir le taisteal le trealamh soghluaisteachta, ba cheart do ghníomhairí aeriompróirí comhairle a thabhairt i ndáil leis na rialacha dliteanais i leith trealamh soghluaisteachta a chailleadh nó damáiste a dhéanamh dó, ionas gur féidir le custaiméirí breithniú a dhéanamh i dtaobh dearbhú leasa speisialta a dhéanamh nó gan é a dhéanamh ([34]) nó polasaí árachais iomchuí a fháil ina leith.

([31]) Féach Iarscríbhinn 5-J a ghabhann le Doiciméad Uimh. 30, Cuid I, Roinn 5, ECAC.
([32]) Ba cheart féachaint freisin le téacsfón a sholáthar chun inrochtaineacht a cheadú do dhaoine bodhra agus do dhaoine lagéisteachta.
([33]) Féach aithris 2 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006.
([34]) Féach Caibidil 9 de na treoirlínte léirmhínitheacha sin maidir le hábhar an dearbhaithe leasa speisialta.

Agus nasceitiltí á dtairiscint do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, ba cheart d'aeriompróirí agus do ghníomhairí taistil a áirithiú go mbeidh a ndóthain ama ag paisinéirí a nasceitilt a bhaint amach, agus é á chur san áireamh go bhféadfadh sé go mbeadh níos mó ama ag teastáil uathu ná ó phaisinéirí eile.

5.4. **Réamhfhógra maidir le riachtanais chúnaimh**

Tá réamhfhógra riachtanach chun a áirithiú go gcuirfear cúnamh iomchuí ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a iarrann é. Ciallaíonn sé sin go bhfuil an fhoireann fhreagrach ar an eolas faoi riachtanais na ndaoine sin agus go bhfuil siad réidh agus in ann an trealamh is gá a chur ar fáil; agus go mbaintear úsáid éifeachtach as acmhainní aeriompróirí agus comhlachtaí bainistithe aerfort.

5.4.1. ***Réamhfhógra maidir leis an ngá atá le cúnamh***

De bhun Airteagal 7(1) agus (2) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, chun go mbeidh daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe i dteideal cúnamh iomchuí a fháil, ní mór dóibh réamhfhógra a thabhairt faoina riachtanais chúnaimh agus, i gcás inarb ábhartha, faoin ngá lena dtrealamh soghluaisteachta a iompar ([35]) agus faoin ngá go mbeadh a madra cuidithe aitheanta in éineacht leo 48 n-uaire an chloig ar a laghad roimh an am imeachta foilsithe. I gcásanna den sórt sin, tá comhlacht bainistithe aerfoirt freagrach as a áirithiú go gcuirtear cúnamh ar fáil sa chaoi is gur féidir leis an duine i dtrácht dul ar an eitilt a bhfuil áirithint aige ina leith.

Ní mór réamhfhógra a bheith saor i gcónaí ó aon mhuirear breise, gan beann ar an gcaoi a ndéantar an áirithint nó an réamhfhógra. Mar shampla, ní cheadaítear ceangal a chur ar phaisinéirí línte gutháin ardráta a úsáid chun fógra a thabhairt roimh ré dá riachtanais chúnaimh.

Mura dtugann duine faoi mhíchumas nó duine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe fógra roimh ré faoin riachtanas cúnaimh nó mura dtugann sé réamhfhógra dó níos lú ná 48 n-uaire an chloig roimh an am imeachta foilsithe, ceanglaítear mar sin féin ar chomhlacht bainistithe an aerfoirt, le hAirteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, gach iarracht réasúnach a dhéanamh an cúnamh a sholáthar ionas gur féidir leis an duine lena mbaineann dul ar an eitilt a bhfuil áirithint acu ina leith. Chun cúnamh iomchuí a chur ar fáil, ba cheart an fhaisnéis seo a leanas a roinnt leis an aeriompróir:

(a) cineál na riachtanas cúnaimh agus tuairisc orthu (go háirithe maidir le haon duine a bheidh á dtionlacan), bagáiste agus, más féidir, léiriú maidir le cathain agus cá háit a dteastaíonn cúnamh;

(b) tuairisc ar aon trealamh soghluaisteachta, lena n-áirítear cainníocht, samhail, toise, meáchan, cineál an cheallra agus an rátáil vatuaire, agus an lámhleabhar treoracha (má tá sé ar fáil);

(c) tuairisc ar aon trealamh leighis (e.g. ocsaigin leighis, aerálaí nó análaitheoir);

(d) cé acu an bhfuil nó nach bhfuil madra cuidithe aitheanta in éineacht leis an bpaisinéir;

(e) cé acu atá nó nach bhfuil gá le cathaoir rothaí ar bord ([36]).

Tá gach míchumas difriúil, mar sin ba cheart go mbeadh daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe in ann faisnéis bhreise a sholáthar chun cur lena n-iarratas ar chúnamh. Is dea-chleachtas é d'aeriompróirí, dá ngníomhairí agus dá dtionscnóirí turas ligean do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe an fhaisnéis bhreise a chur in iúl i 'saorthéacs' mar chuid dá réamhfhógra – chomh maith le cód iarrata ar sheirbhísí speisialta (SSR) an Chomhlachais Aeriompair Idirnáisiúnta (IATA) ina ndéantar cur síos leathan ar a riachtanas cúnaimh. Thairis sin, ba cheart daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a bheith in ann faisnéis bhreise den sórt sin a chur isteach go héasca tar éis na hiarrata tosaigh ar chúnamh, i measc nithe eile, tríd an leathanach 'bainistiú ar m'áirithint' ar leathanach baile an aeriompróra; trí ríomhphost chuig an aeriompróir nó chuig a ghníomhaire nó chuig an tionscnóir turas; trí ghlao gutháin a chur ar an aeriompróir nó ar a ghníomhaire nó ar an tionscnóir turas.

([35]) Féach Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006.

([36]) Ní chuirtear oibleagáid shainráite ar aeriompróirí le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 cathaoireacha rothaí a iompar ar bord. Mar sin féin, moltar i bpointe 5.5 de Dhoic. 30, Cuid I, Roinn 5, ECAC, do Bhallstáit ECAC oibleagáid a fhorchur ar aeriompróirí cathaoir rothaí amháin ar a laghad a iompar ar aerárthaí nua agus ar aerárthaí tar éis mór-athchóirithe má tá 100 suíochán nó níos mó ag an aerárthach i dtrácht.
Ceanglaítear le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 ar aeriompróirí cúnamh iomchuí a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus iad ag bogadh óna suíochán go dtí saoráidí leithris más gá agus is iad cathaoireacha rothaí ar bord an phríomhuirlis atá acu chun cúnamh den sórt sin a chur ar fáil.

Ba cheart ról gníomhach a bheith ag eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine faoi mhíchumas agus ar dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe, aeriompróirí, gníomhairí taistil agus comhlachtaí bainistithe aerfoirt maidir le feasacht a mhúscailt agus daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a spreagadh chun réamhfhógra a thabhairt go tráthúil, nuair is féidir, maidir lena riachtanais chúnaimh. Agus é sin á dhéanamh acu, ba cheart dóibh rabhadh a thabhairt faoi na hiarmhairtí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ann mura dtugann na daoine faoi mhíchumas agus na daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe réamhfhógra faoina gcuid riachtanas. Ba cheart daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a spreagadh freisin chun a riachtanais chúnaimh a chur in iúl roimh ré – b'fhearr sin tráth a chuirtear a n-eitilt in áirithe agus, i ngach cás, ar a laghad 48 n-uaire an chloig roimh imeacht sceidealaithe a n-eitilte. Chun na críche sin, d'fhéadfaí cártaí ar mhéid tiachóige ar a bhfuil faisnéis maidir le conas riachtanais chúnaimh a réamhfhógairt agus na hiarmhairtí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar an easpa réamhfhógra a dháileadh ag an aerfort ar phaisinéirí nár thug réamhfhógra faoina riachtanais chúnaimh ([37]).

Chun go mbeidh paisinéirí in ann a chruthú gur thug siad réamhfhógra faoina riachtanais chúnaimh in am trátha, is dea-chleachtas é d'aeriompróirí, do ghníomhairí taistil agus do thionscnóirí turas chomh maith le hidirghabhálaithe eile a fhaigheann réamhfhógraí i gcomhair cúnaimh dearbhú i scríbhinn maidir leis an méid sin a sholáthar don phaisinéir (mar shampla, i bhformáid leictreonach (e.g. trí ríomhphost) nó ar an bpas bordála). Má theipeann ar aistriú an fhógra idir an t-aeriompróir, an gníomhaire taistil, an tionscnóir turas agus comhlacht bainistithe an aerfoirt, féadfaidh an paisinéir deimhniú i scríbhinn den sórt sin a thabhairt ar aird mar fhianaise *prima facie* go bhfuil réamhfhógra tugtha acu roimh ré maidir lena riachtanais chúnaimh in am trátha agus trí mhodhanna comhaontaithe.

5.4.2. ***An oibleagáid atá ar aeriompróirí, ar a ngníomhairí agus ar thionscnóirí turas réamhfhógra a éascú agus é a tharchur chuig na gníomhaithe iomchuí***

Ceanglaítear le hAirteagal 6(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 ar aeriompróirí, ar a ngníomhairí agus ar a dtionscnóirí turas na bearta uile is gá a dhéanamh chun fógraí a fháil maidir le hiarraidh ar chúnamh arna déanamh ag daoine faoi mhíchumas nó ag daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe ag a ndíolphointí uile i gcríocha na mBallstát a bhfuil feidhm ag an gConradh maidir leo. Tá feidhm ag an oibleagáid sin freisin maidir le díolacháin ar an teileafón agus ar an idirlíon.

Is dea-chleachtas é freisin d'idirghabhálaithe eile na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 a leanúint.

Ba cheart modhanna malartacha cumarsáide (e.g. leathanach áirithinte suímh gréasáin, comhrá gréasáin, ríomhphost agus líne theileafóin dhíreach ([38])) a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe ionas gur féidir leo a riachtanais chúnaimh a chur in iúl roimh ré. Áiritheofar leis sin go gcuirfear i bhfeidhm go héifeachtach an ceart atá ag daoine faoi mhíchumas agus ag daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe maidir le cúnamh a leagtar síos in Airteagal 7(1) agus in Airteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006.

Is minic a bhíonn an gá le cúnamh ar an talamh nasctha le leagan amach na gcríochfort aerfoirt agus leis na hachair siúil atá i gceist. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh cúnamh a bheith de dhíth ar phaisinéir agus iad ag imeacht amach agus ní ar theacht isteach dó agus le linn nasceitiltí – nó a mhalairt ar fad. Dá bhrí sin, ba cheart do phaisinéirí a bheith in ann réamhfhógra a thabhairt faoin gcúnamh atá de dhíth orthu le haghaidh aerfort tionscnaimh agus/nó ceann scríbe gach deighleoige eitilte, ionas gur féidir le comhlachtaí bainistithe aerfoirt a n-acmhainní a leithdháileadh ar bhealach níos fearr agus cúnamh ar cháilíocht níos fearr a chur ar fáil.

Ní mór do ghníomhairí áirithinte na n-aerlínte a bheith ar an eolas faoi aon rialacha agus srianta a d'fhéadfadh cosc a chur ar iompar an phaisinéara nó ar sholáthar an chúnaimh is gá.

Chomh maith le hoiliúint a chur ar a ngníomhairí díolacháin féin agus ar na baill foirne ábhartha maidir le cúram do chustaiméirí a bhíonn i dteagmháil le paisinéirí a bhfuil cúnamh ag teastáil uathu, ba cheart d'aeriompróirí dul i dteagmháil go réamhghníomhach lena líonra gníomhairí taistil agus tionscnóirí turas chun a áirithiú go mbaileofar faisnéis i gceart ó phaisinéirí a bhfuil cúnamh ag teastáil uathu.

Moltar d'idirghabhálaithe neamhspleácha eile a bheith ar an eolas faoi aon rialacha agus srianta a d'fhéadfadh cosc a chur ar iompar an duine faoi mhíchumas agus ar dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe nó a d'fhéadfadh cosc a chur ar an gcúnamh is gá a sholáthar. Ina theannta sin, ní mór dóibh a bheith in ann an fhaisnéis ábhartha uile is gá a iarraidh ar an bpaisinéir chun an cineál cúnaimh is gá a shuíomh. Tá sé fíor-riachtanach an fhaisnéis sin a chur in iúl go tráthúil d'aeriompróirí agus do na hidirghabhálaithe neamhspleácha sin chun gur féidir paisinéirí a chur ar an eolas mar is ceart (go háirithe i gcúinsí ina bhfuil feidhm ag coinníollacha agus cearta sonracha).

([37]) Féach Iarscríbhinn 5-H a ghabhann le Doiciméad Uimh. 30, Cuid I, Roinn 5, ECAC.
([38]) Féach Iarscríbhinn 5-J a ghabhann le Doiciméad Uimh. 30, Cuid I, Roinn 5, ECAC.

Luaitear in Airteagal 7(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 go gcumhdaítear san fhógra faoi riachtanais chúnaimh ar leith an phaisinéara eitilt fillte freisin, má tá conradh déanta maidir leis an eitilt amach agus leis an eitilt fillte leis an aeriompróir céanna. Ciallaíonn sé sin nach gá do dhaoine faoi mhíchumas ná do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe réamhfhógra a thabhairt maidir lena riachtanais arís agus arís eile i gcás eitilt fillte. Is dea-chleachtas é riachtanais chúnaimh paisinéara faoi mhíchumas buan nó faoi mhíchumas luaineachta a chlárú, ar paisinéir é a thaistealaíonn go minic leis an aeriompróir céanna (le toiliú an phaisinéara) agus an fhaisnéis sin a úsáid chun áirithintí a dhéanamh ina dhiaidh sin ionas nach gá réamhfhógra nua a dhéanamh gach uair a chuireann paisinéir den sórt sin eitilt in áirithe.

Ní mór reachtaíocht an Aontais maidir le cosaint sonraí a urramú go hiomlán agus sonraí pearsanta á bpróiseáil, lena n-áirítear sonraí pearsanta a bhailiú agus a stóráil le linn réamhfhógra a thabhairt faoi riachtanais chúnaimh agus iad a tharchur chuig comhlacht bainistithe an aerfoirt nó chuig an aeriompróir oibríochta chun na hoibleagáidí cúnaimh a chomhlíonadh ([39]).

5.5. **Diúltú áirithinte nó bordála**

Ceann de na treoirphrionsabail a chumhdaítear in Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 ([40]) is ea an toirmeasc ar dhiúltú d'fhorchoimeádas nó diúltú do bhordáil daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe.

Leagtar amach in Airteagal 4(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 dhá mhaolú ar an bprionsabal sin: (a) mura féidir an duine lena mbaineann a iompar agus go leanfaidh sé de bheith ag comhlíonadh na gceanglas sábháilteachta arna mbunú le dlí nó le cinneadh an údaráis a d'eisigh deimhniú aeroibreora an aeriompróra; (b) má fhágann méid an aerárthaigh nó a dhoirse go bhfuil sé dodhéanta go fisiciúil an duine sin a bhordáil nó a iompar.

Níor cheart an dá mhaolú sin a fheidhmiú ach amháin má breithníodh gach rogha réasúnach chun cead taistil a thabhairt don duine lena mbaineann agus má cinneadh nach bhfuil sé indéanta.

Ina lán cásanna, is féidir ceanglais sábháilteachta a chomhlíonadh le cabhair ó dhuine tionlacain atá ag gníomhú mar chúntóir sábháilteachta. Sna cásanna sin, féadfaidh an t-aeriompróir, a ghníomhaire nó an tionscnóir turas a iarraidh (de bhun Airteagal 4(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006) go mbeidh duine in éineacht leis an bpaisinéir a bheidh in ann an cúnamh sábháilteachta is gá a sholáthar.

Más rud é gur mhainnigh paisinéir fógra a thabhairt faoina riachtanais chúnaimh nó nach bhfuil faisnéis leordhóthanach tugtha ag paisinéir faoi na riachtanais chúnaimh sin, ní thugann sé sin údar ann féin le diúltú áirithint a ghlacadh nó na paisinéirí sin a bhordáil.

Chun ligean do phaisinéirí cinneadh eolasach a dhéanamh maidir le conas eitilt a chur in áirithe gan an baol a bheith ann go ndiúltófaí cead dóibh aerárthaigh a bhordáil agus chun cosc a chur ar aeriompróirí diúltú daoine faoi mhíchumas nó daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a bhordáil, sonraítear in Airteagal 4(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 nach mór d'aeriompróirí na rialacha sábháilteachta a bhfuil feidhm acu maidir le hiompar daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a chur ar fáil go poiblí i bhformáidí inrochtana, chomh maith le haon srianta ar iompar trealaimh soghluaisteachta i ngeall ar mhéid an aerárthaigh.

Má dhiúltaíonn aeriompróir áirithint nó bordáil ar chúis a leagtar amach in Airteagal 4(1), ceanglaítear ar an aeriompróir, ar a ghníomhaire, ar an tionscnóir turas leis an bhforáil chéanna iarrachtaí réasúnacha a dhéanamh rogha mhalartach inghlactha a thairiscint don phaisinéir. Is dea-chleachtas é d'idirghabhálaithe eile an cleachtas céanna a leanúint.

Ceanglaítear ar aeriompróirí daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a chur ar an eolas (ag céim an réamhfhógartha más féidir ach in aon chás a luaithe is féidir) má dhéanfaidh siad ceann amháin den dá mhaolú a leagtar amach in Airteagal 4(1) a agairt. Beidh an taistealaí lena mbaineann in ann socruithe malartacha a dhéanamh ansin. Eascraíonn sé sin as foclaíocht Airteagal 4(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, lena gceanglaítear an fhaisnéis a chur ar fáil 'láithreach'.

Dá bhrí sin, ba cheart d'aeriompróirí paisinéirí a chur ar an eolas roimh ré faoi aon imthoisc ábhartha (amhail athrú ar an iompróir oibriúcháin nó ar an aerárthach) a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar a gcumas daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a iompar.

([39]) Féach aithris 12 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006. Féach freisin Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

([40]) Féach pointe 2.1.1 de na treoirlínte seo.

De bhun Airteagal 4(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, má dhiúltaítear bordáil do phaisinéir mar gheall ar mhíchumas nó ar shoghluaisteacht laghdaithe, ní mór (i) rogha idir aisíocaíocht iomlán an ticéid (agus an ceart chun eitilt fhillte i gcás eitilte ag a bhfuil ilstadanna) a thairiscint (i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 261/2004) don phaisinéir agus d'aon duine atá ag tionlacan an phaisinéara mar chúntóir sábháilteachta arna cheangal ag an aeriompróir; nó (ii) eitilt mhalartach. Tá an ceart chun eitilt fhillte nó eitilt mhalartach coinníollach ar an bpaisinéir faoi mhíchumas nó an paisinéir a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe a bheith in ann ceanglas sábháilteachta sainordaitheach na heitilte fillte nó na heitilte malartaí a chomhlíonadh.

Má dhiúltaíonn aeriompróir do dhuine faoi mhíchumas nó do dhuine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe bordáil contrártha d'fhorálacha Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, beidh an duine sin i dteideal cúitimh (i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 261/2004); atháirithint nó aisíocaíocht phraghas an ticéid; agus cúnamh (i gcomhréir le hAirteagal 8 agus le hAirteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 261/2004) ([41]).

De bhun Airteagal 4(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, ní mór d'aeriompróir nó dá ghníomhaire nó do thionscnóir turas a dhiúltaíonn glacadh le háirithint ar fhorais mhíchumais nó ar fhorais soghluaisteachta laghdaithe na cúiseanna a chur in iúl láithreach don duine faoi mhíchumas nó don duine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe. Cuireann sé sin cosc ar dhiúltú treallach daoine faoi mhíchumas nó daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a iompar. Ba cheart d'aeriompróirí míniú soiléir beacht a sholáthar maidir leis an diúltú agus tagairt shonrach a dhéanamh don reachtaíocht ábhartha náisiúnta, idirnáisiúnta nó don reachtaíocht de chuid an Aontais maidir le sábháilteacht nó do chinneadh an údaráis ábhartha. Ní leor tagairt ghinearálta d'Airteagal 4(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006. I gcás inarb ábhartha, ba cheart d'aeriompróirí a shonrú cén ghné den aerárthach a fhágann go bhfuil sé dodhéanta go fisiciúil daoine faoi mhíchumas nó daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a bhordáil nó a iompar. Tá sé inmholta d'idirghabhálaithe an riail chéanna a leanúint.

Ceanglaítear le hAirteagal 4(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 ar aeriompróir, ar a ghníomhaire nó ar thionscnóir turas na cúiseanna leis an diúltú a chur in iúl i scríbhinn – arna iarraidh sin – don duine lena mbaineann, laistigh de 5 lá oibre ón iarraidh a fháil. Is dea-chleachtas é freisin d'idirghabhálaithe an cur chuige céanna a leanúint.

Ní mór d'aeriompróirí, dá ngníomhairí agus dá dtionscnóirí turas a bheith in ann údar a thabhairt do chomhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe (nó in aon nós imeachta eadrána agus/nó do bhinse, más gá) maidir le haon diúltú áirithint a ghlacadh nó daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a bhordáil ar bhonn Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006. Dá bhrí sin, ní mór an fhaisnéis ábhartha a thaifeadadh agus a choinneáil ar feadh tréimhse iomchuí ama, fiú mura n-iarrann an paisinéir na cúiseanna a chur in iúl i scríbhinn. In éagmais rialacha sainráite i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 maidir leis na tréimhsí ama, ba cheart do na comhlachtaí sin an fhaisnéis ábhartha a choinneáil ar feadh na dtréimhsí ama a shonraítear sa reachtaíocht náisiúnta ábhartha.

5.6. **Ceanglas maidir le duine tionlacain ag gníomhú mar chúntóir sábháilteachta**

Cuireann prionsabal ginearálta an neamh-idirdhealaithe cosc ar aeriompróir nó ar a ghníomhaire nó ar thionscnóir turas coinníollacha speisialta a fhorchur ar dhuine faoi mhíchumas nó ar dhuine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe taisteal.

Ní fhéadfaidh aeriompróir nó a ghníomhaire nó tionscnóir turas a cheangal ar dhaoine faoi mhíchumas ná ar dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe taisteal in éineacht le duine ach amháin mura bhfuil siad féintuilleamaíoch agus más baol sábháilteachta é a n-iompar toisc nach bhfuil siad in ann na ceanglais sábháilteachta is infheidhme a chomhlíonadh go neamhspleách ([42]). Sna himthosca sin, féadfaidh an t-aeriompróir nó a ghníomhaire nó a thionscnóir turas (de bhun Airteagal 4(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006) a cheangal go mbeidh duine in éineacht le daoine faoi mhíchumas nó le daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe ar féidir leis an cúnamh is gá a sholáthar chun na ceanglais sábháilteachta is infheidhme a chomhlíonadh (cúntóir sábháilteachta).

Ba cheart d'aeriompróirí a gcustaiméirí a chur ar an eolas faoi na coinníollacha ina gceanglaíonn siad ar chúntóir sábháilteachta taisteal leis an duine faoi mhíchumas nó leis an duine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe.

Ní féidir iompar a dhiúltú do dhaoine faoi mhíchumas ná do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe ná ní féidir ceangal a chur orthu taisteal le cúntóir sábháilteachta ar an gcúis amháin nach bhfuil siad in ann gníomhaíochtaí a dhéanamh go neamhspleách a bhaineann lena gcompord ar bord aerárthaigh (mar shampla, gan a bheith in ann ithe iad féin nó gan a bheith in ann an leithreas a úsáid ina n-aonar). Is faoin bpaisinéir atá sé cinneadh a dhéanamh cé acu ar cheart taisteal le duine a chabhróidh le tascanna a bhaineann le compord pearsanta nó nár cheart. Mar sin féin, ní cheanglaítear ar an bhfoireann cábáin cúnamh pearsanta a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas ná do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe (mar shampla, cúnamh chun ithe nó ól; cúnamh i seomra níocháin nó sa leithreas mura bhfuil an paisinéir in ann na háiseanna leithris a úsáid gan chabhair; nó cógas a thabhairt).

([41]) Féach Airteagail 2(j) agus 4(3) de Rialachán (CE) Uimh. 261/2004.

([42]) Áirítear leis sin aon duine nach bhfuil in ann a chrios sábhála a cheangal agus a scaoileadh; a suíochán a fhágáil agus bealach éalaithe a bhaint amach gan chabhair; seaicéad tarrthála a fháil agus a fheistiú; masc ocsaigine a chur air féin gan chúnamh; nó an faisnéisiú sábháilteachta agus aon chomhairle agus treoir a thugann an fhoireann i gcás éigeandála a thuiscint (lena n-áirítear faisnéis a chuirtear in iúl i bhformáidí inrochtana).

Chun cuidiú le haeriompróirí nó lena ngníomhaire nó lena dtionscnóir turas a chinneadh cé acu an féidir le daoine faoi mhíchumas nó le daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe taisteal gan tionlacan nó nach féidir, ba cheart dóibh ceisteanna a chur orthu maidir leis na critéir a leagtar síos sna rialacha sábháilteachta is infheidhme agus níor cheart dóibh aon toimhde a dhéanamh maidir lena gcumas neamhspleách na rialacha sábháilteachta a chomhlíonadh.

De bhun Airteagal 4(4) de Rialachán (CE) 1007/2006, ní mór d'aeriompróirí, dá ngníomhairí nó dá dtionscnóirí turas cúiseanna mionsonraithe a thabhairt nuair a cheanglaíonn siad ar dhaoine faoi mhíchumas nó ar dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe duine a bheith á dtionlacan.

Ag brath ar na himthosca ar leith, d'fhéadfadh sé gur dea-chleachtas é d'aeriompróirí ligean do dhuine faoi mhíchumas nó do dhuine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe cabhair a iarraidh agus a fháil ó phaisinéir eile ar an eitilt chun a thairiscint dóibh a bheith mar dhuine tionlacain acu ar bhonn deonach.

Má éilíonn aeriompróir go mbeidh cúntóir sábháilteachta ag tionlacan duine faoi mhíchumas nó duine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe, is dea-chleachtas é don aeriompróir iompar saor in aisce a thairiscint don duine tionlacain sin atá ag gníomhú mar chúntóir sábháilteachta ([43]). I gcás modhanna iompair eile (i.e. iarnród, bus agus cóiste agus ar an uisce) tá an ceart ann cheana na cúntóirí sábháilteachta tionlacain sin a iompar saor in aisce.

Ba cheart daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a chur ar an eolas go hiomlán faoi na costais bhreise a bhaineann le hiompar an chúntóra sábháilteachta má bhíonn aeriompróir ag brath ar Airteagal 4(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 chun a cheangal orthu duine atá ag gníomhú mar chúntóir sábháilteachta a bheith á dtionlacan.

5.7. **Ag taisteal le madra cuidithe aitheanta**

Luaitear in Airteagal 7(2) agus in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, i gcás ina n-éilíonn duine faoi mhíchumas nó duine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe go n-úsáidfidh sé madra cuidithe aitheanta, go ndéanfaidh comhlachtaí bainistithe aerfort agus aeriompróirí freastal air sin – ar choinníoll (i) go dtabharfaidh an duine sin fógra roimh ré don aeriompróir nó dá ghníomhaire nó don tionscnóir turas go mbeidh siad ag taisteal le madra cuidithe aitheanta; agus (ii) go gcomhlíonann fógra agus iompar an mhadra i dtrácht aon rialacha náisiúnta is infheidhme lena gcumhdaítear madraí cuidithe a iompar ar bord aerárthaí.

Le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, úsáidtear an fhoclaíocht 'madraí cuidithe aitheanta' chun a chur in iúl go soiléir (i) gur roghnaíodh agus gur cuireadh oiliúint ar na madraí sin chun freastal ar riachtanais aonair duine faoi mhíchumas; agus (ii) chun na cumais agus na scileanna a d'fhoghlaim siad a úsáid agus iad ag cabhrú lena n-úinéirí a ngníomhaíochtaí laethúla a dhéanamh. Chun a áirithiú nach mbeidh riosca do shábháilteacht eitlíochta ag baint le madraí den sórt sin, chomh maith le go mbeidh siad oilte le haghaidh na gcúraimí sonracha a bhaineann le cúnamh a thabhairt dá n-úinéirí), cuirtear oiliúint orthu freisin chun gluaiseacht go sábháilte i spásanna poiblí agus chun a bheith umhal dá n-úinéir. Ar mhaithe le sábháilteacht eitlíochta, is féidir leis an aeriompróir iarraidh ar úinéir an mhadra cruthúnas a thabhairt ar aird go bhfuil an oiliúint riachtanach faighte ag an madra.

Áirítear le madraí cuidithe ní hamháin madraí treorach daoine dalla nó daoine lagamhairc, ach madraí a chuidíonn le daoine faoi chineálacha eile míchumais freisin. I measc na samplaí tá madraí éisteachta a chuidíonn le daoine bodhra agus le daoine lagéisteachta nó madraí soghluaisteachta a chuidíonn le daoine faoi mhíchumas coirp (e.g. cothromaíocht agus cobhsaíocht a sholáthar dóibh).

Níl aon rialacha ar leibhéal an Aontais faoi láthair maidir le madraí cuidithe a oiliúint ná a dheimhniú. D'fhéadfadh sé sin cur isteach ar mheasúnú na n-aeriompróirí agus na gcomhlachtaí bainistithe aerfoirt maidir le cé acu a cháilíonn nó nach gcáilíonn madra mar mhadra cuidithe aitheanta. Bheadh sé inmholta do chomhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe, d'eagraíochtaí tionscail, d'eagraíochtaí daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus d'eagraíochtaí atá gníomhach i réimse na hoiliúna do mhadraí cuidithe teacht ar chomhaontú maidir le sraith chomhchuibhithe rialacha chun measúnú a dhéanamh an bhfuair madra an oiliúint is gá chun cáiliú mar mhadra cuidithe aitheanta.

([43]) Féach pointe 4.2.4.2 d'Iarscríbhinn 5-H a ghabhann le Doiciméad Uimh. 30, Cuid I, Roinn 5, ECAC. An 29 Samhain 2023, thíolaic an Coimisiún togra reachtach le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 261/2004, (CE) Uimh. 1107/2006, (AE) Uimh. 1177/2010, (AE) Uimh. 181/2011 agus (AE) 2021/782 a mhéid a bhaineann le cearta paisinéirí a fhorfheidhmiú san Aontas (COM(2023) 753 final). De réir an togra, tá ar aeriompróirí na cúntóirí sábháilteachta tionlacain sin a iompar saor in aisce agus, más indéanta, iad a chur ina suí in aice leis an duine faoi mhíchumas nó an duine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe a dteastaíonn cúnamh uathu chun na ceanglais sábháilteachta eitlíochta is infheidhme a chomhlíonadh.

Le Rialachán (AE) Uimh. 576/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([44]) forchuirtear ceanglais áirithe sular féidir le madraí taisteal ar fud na mBallstát, go háirithe maidir leis na córais aitheantais agus an cruthúnas vacsaínithe is gá. Ba cheart do thionscal agus do pháirtithe leasmhara ábhartha (go háirithe comhlachais daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe) feasacht maidir leis na ceanglais sin a ardú go gníomhach ar thaobh úinéirí madraí cuidithe.

5.8. **Suíocháin a chur in áirithe**

De bhun Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, ní mór d'aeriompróirí gach iarracht réasúnach a dhéanamh suíocháin a shocrú le linn eitiltí ar bord eitleán chun freastal ar riachtanais shonracha daoine faoi mhíchumas nó daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, arna iarraidh sin agus faoi réir ceanglais sábháilteachta agus infhaighteachta.

Ba cheart suíocháin a bheith ag aeriompróirí atá ainmnithe do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe. Is dea-chleachtas é d'aeriompróirí na suíocháin sin a choinneáil saor agus iad a bheith curtha in áirithe do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe go dtí gar d'am imeachta na heitilte agus a áirithiú gurb iad na suíocháin dheireanacha iad a shanntar do phaisinéirí eile nach bhfuil cúnamh de dhíth orthu.

Ba cheart d'aeriompróirí a leithdháileann suíocháin roimh an eitilt ligean do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe suíocháin is fearr a fhreastalaíonn ar a riachtanais a chur in áirithe roimh ré, faoi réir teorainneacha sábháilteachta.

De bhun Airteagal 10 agus Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin, ní mór d'aeriompróirí a ghearrann táille ar shuíocháin réamháirithinte na muirir réamháirithinte sin a tharscaoileadh do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, ionas gur féidir leo an suíochán is fearr a fhreastalóidh ar a riachtanais a roghnú. Tá leithdháileadh na suíochán do gach paisinéir faoi réir na gceanglas sábháilteachta iomchuí. Níor cheart suíocháin a leithdháileadh do dhaoine faoi mhíchumas ná do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe ná níor cheart daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe suí ar shuíocháin ar a bhfuil rochtain dhíreach ar bhealaí amach éigeandála ná bheith ina suí ar shuíocháin más rud é go bhféadfadh a láithreacht iontu bac a chur ar bhaill foirne ina ndualgais, bac a chur ar rochtain ar threalamh éigeandála nó bac a chur ar aslonnú éigeandála an aerárthaigh ([45]). Ba cheart d'aeriompróirí a mbeartas leithdháilte suíochán maidir le daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a fhoilsiú ar a leathanach gréasáin. Nuair a chuireann duine an t-aeriompróir nó a ghníomhaire nó a thionscnóir turas ar an eolas faoi chineál a mhíchumais, ba cheart don aeriompróir, don ghníomhaire nó don tionscnóir turas an paisinéir sin a chur ar an eolas faoi na suíocháin is inrochtana atá ar fáil agus suíochán iomchuí a leithdháileadh ar an bpaisinéir sin (mar shampla, tacaí sciatháin inaistrithe, suíochán atá gar don seomra níocháin agus suíochán in aice láimhe don duine faoi mhíchumas agus don chúntóir sábháilteachta).

Ba cheart suíocháin a ath-leithdháileadh, más gá, chun a áirithiú go mbeodh suíocháin iomchuí ag daoine faoi mhíchumas agus ag daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus ag a gcúntóirí sábháilteachta.

I ngach cás, ba cheart a shoiléiriú do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe nach féidir suíocháin leithdháilte a ráthú toisc go bhféadfadh tosca oibríochtúla (e.g. athrú aerárthaigh) difear a dhéanamh do phlean na suíochán. Sna himthosca sin, áfach, ba cheart gach iarracht a dhéanamh freastal ar riachtanais daoine faoi mhíchumas (e.g. trí iarracht a dhéanamh suíochán inchomparáide a leithdháileadh).

Ina theannta sin, chun go mbeidh aeriompróirí in ann suíocháin iomchuí a leithdháileadh orthu, tá sé ríthábhachtach go dtabharfaidh daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe fógra faoina riachtanais chúnaimh. Go hidéalach, ba cheart dóibh é sin a dhéanamh tráth a chuireann siad a n-eitilt in áirithe agus 48 n-uaire an chloig ar a dhéanaí roimh imeacht sceidealaithe a n-eitilte.

5.9. **Faisnéis a tharchur chuig an aerfort agus chuig an aeriompróir oibríochta**

Tá sé de fhreagracht ar aeriompróirí, ar a ngníomhairí agus ar a dtionscnóirí turas an fhaisnéis ar fad a bhailítear ó dhaoine faoi mhíchumas agus ó dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a tharchur chuig comhlachtaí bainistithe na n-aerfort imeachta, teacht isteach agus idirthurais, agus chuig an aeriompróir oibríochta (mura ndearnadh an áirithint leis an aeriompróir sin). Luaitear in Airteagal 6(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, má thugann paisinéir réamhfhógra go bhfuil gá le cúnamh 48 n-uaire an chloig ar a laghad roimh am imeachta foilsithe na heitilte, nach mór don aeriompróir, dá ghníomhairí nó dá thionscnóirí turas an fhaisnéis lena mbaineann a tharchur 36 huaire an chloig ar a laghad roimh imeacht foilsithe na heitilte. Luaitear in Airteagal 6(3) nach mór dóibh i ngach cás eile an fhaisnéis a tharchur a luaithe is féidir.

([44]) Rialachán (AE) Uimh. 576/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le gluaiseacht neamhthráchtála peataí agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 998/2003 (IO L 178, 28.6.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/576/oj).

([45]) Féach AMC1 CAT.OP.MPA.155 c) in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2012 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 296, 25.10.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/965/2014-02-17).

I gcomhréir le hAirteagal 6(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, ní mór d'aeriompróir oibríochta, a luaithe is féidir tar éis imeacht na heitilte, comhlacht bainistithe an aerfoirt chinn scríbe a chur ar an eolas faoi líon na ndaoine faoi mhíchumas agus líon na ndaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe atá ar bord na heitilte sin a dteastaíonn cúnamh uathu ag an aerfort teacht isteach agus faoi chineál an chúnaimh sin. Ní bheidh feidhm ag an gceanglas sin ach amháin má tá an t-aerfort teacht isteach suite i gcríoch Ballstáit a bhfuil feidhm ag an gConradh maidir leis.

Chun an leibhéal iomchuí cúnaimh a sholáthar, ba cheart iarrataí ó dhaoine faoi mhíchumas agus ó dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a thaifeadadh agus a tharchur chuig an aeriompróir oibríochta agus chuig comhlachtaí bainistithe aerfoirt agus úsáid á baint as cóid SSR IATA arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta ([46]).

Aon uair is féidir, ba cheart faisnéis faoi riachtanais mhionsonraithe an phaisinéara a tharchur trí úsáid a bhaint as an mbosca 'saorthéacs' atá le feiceáil i gcóras teachtaireachtaí an Liosta Cúnaimh do Phaisinéirí (PAL) / an Liosta Cúnaimh um Athrú (CAL), nó in aon fhormáid oiriúnach eile arna comhaontú idir na páirtithe leasmhara. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin do dhaoine a bhfuil a gcuid riachtanas casta agus nuair nach féidir iad a shainaithint go héasca trí chóid IATA. Mar shampla, is catagóir an-leathan é 'daoine faoi mhíchumas nach míchumas infheicthe é' lena n-áirítear daoine a bhfuil riachtanais éagsúla acu nach bhfuil chomh soiléir céanna don fhoireann chúnta, ach a gcumhdaítear iad leis an gcód IATA céanna mar sin féin.

Ba cheart réitigh a thairiscint do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a chuirfidh ar a gcumas a gcuid riachtanas a chur in iúl roimh ré ar an mbealach is éasca, is soiléire agus is intuigthe. Ba cheart an fhaisnéis sin a roinnt a luaithe is féidir leo siúd go léir a mbaineann a gcúnamh leo.

6. **CÚNAMH AG AN AERFORT**

6.1. **Pointí cruinnithe a ainmniú**

Ceanglaítear le hAirteagal 5(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 ar chomhlachtaí bainistithe aerfoirt a áirithiú go soláthrófar pointí teacht isteach agus imeachta arna n-ainmniú go hoifigiúil ag ar féidir le daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, gan stró, a fhógairt go bhfuil siad tagtha chuig an aerfort agus cúnamh a iarraidh. Ba cheart na pointí sin a ainmniú i gcomhar le húsáideoirí aerfoirt, trí choiste na n-úsáideoirí aerfoirt ([47]) (i gcás ina bhfuil coiste den sórt sin ann) agus trí eagraíochtaí ábhartha a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine faoi mhíchumas agus ar dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, agus na dálaí áitiúla á gcur san áireamh.

Ceanglaítear le hAirteagal 5(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 freisin go mbeidh na pointí sin laistigh de theorainn an aerfoirt nó ag pointe faoi rialú díreach an chomhlachta bainistithe, laistigh agus lasmuigh d'fhoirgnimh críochfoirt araon. Ciallaíonn sé sin gur cheart iad a ainmniú ar a laghad ag na príomhbhealaí isteach chuig foirgnimh críochfoirt; i limistéir ina bhfuil deasca cláraithe; i stáisiúin traenach, iarnróid éadroim, meitreo agus bus; ag stadanna tacsaí agus ag pointí fágála eile; agus i gcarrchlóis aerfoirt ([48]).

Ceanglaítear le hAirteagal 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 go ndéanfar na pointí teacht isteach agus imeachta a mharcáil go soiléir agus go soláthrófar faisnéis bhunúsach ([49]) faoin aerfort i bhformáidí inrochtana. Ba cheart go n-áireofaí san fhaisnéis bhunúsach sin leagan amach an aerfoirt agus a ghnéithe inrochtaineachta (mar shampla, an t-achar siúil is faide is dócha a bheidh ann laistigh d'aerfort, agus aon bhacainní amhail céimeanna nó doirse cúnga nó oibreacha leanúnacha); mionsonraí faoi na seirbhísí uile atá ar fáil ag an aerfort do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe; agus sonraí teagmhála na cuideachta a sholáthraíonn an cúnamh iarbhír ag an aerfort do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe. Ba cheart an fhaisnéis chéanna a bheith ar fáil freisin ar shuíomh gréasáin an aerfoirt chun go bhféadfaidh na paisinéirí féachaint uirthi roimh a dturas.

Ba cheart an chomharthaíocht a bheith soiléir agus gan débhrí, agus b'fhearr go mbainfí úsáid as caighdeáin chomharthaíochta idirnáisiúnta léi.

Is dea-chleachtas é d'aeriompróirí, dá ngníomhairí agus dá dtionscnóirí turas daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a chur ar an eolas faoin tábhacht a bhaineann le féachaint ar shuíomhanna gréasáin na n-aerfort maidir le himeacht, teacht isteach agus naisc a n-eitiltí.

([46]) Chun an míniú ar chóid IATA SSR a fháil, féach pointe 5.8.1 de Dhoiciméad Uimh. 30, Cuid I, Roinn 5, ECAC.

([47]) Sainmhínítear 'úsáideoir aerfoirt' le hAirteagal 2(g) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 mar 'aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá freagrach as paisinéirí a iompar d'aer ón aerfort i dtrácht nó chuig an aerfort sin'. Sainmhínítear 'Coiste na nÚsáideoirí Aerfoirt' in Airteagal 2(h) mar 'choiste d'ionadaithe úsáideoirí aerfoirt nó d'eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht orthu'.

([48]) Féach aithris 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006.

([49]) In Iarscríbhinn 5-K a ghabhann le Doiciméad Uimh. 30, Cuid I, Roinn 5, ECAC tugtar treoraíocht an-mhionsonraithe do chomhlachtaí bainistithe aerfort maidir leis na glaophointí ag an aerfort a chur ar bun agus a chur in iúl.

6.2. **Cé ba cheart cúnamh a chur ar fáil ag aerfoirt do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe?**

De bhun Airteagal 8(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, tá comhlacht bainistithe aerfoirt freagrach as cúnamh a sholáthar ag aerfoirt. Tá ról lárnach ag na comhlachtaí bainistithe sin i soláthar na seirbhísí uile ag an aerfort. Dá bhrí sin, is iad is fearr atá in ann a áirithiú go bhfaighidh daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe cúnamh ar ardchaighdeán. De bhun Airteagal 8(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, féadfaidh comhlacht bainistithe aerfoirt é féin an cúnamh a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán a sholáthar go díreach do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe; nó conradh a dhéanamh le tríú páirtí amháin nó níos mó chun an cúnamh sin a sholáthar. Sa dá chás, leanfaidh comhlacht bainistithe aerfoirt de bheith freagrach as cúnamh a sholáthar, agus ní mór don chúnamh a sholáthraítear na caighdeáin cháilíochta arna leagan síos ag comhlacht bainistithe an aerfoirt a chomhlíonadh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 ([50]).

Féadfaidh coiste na n-úsáideoirí aerfoirt agus fiú aeriompróir aonair a iarraidh ar chomhlacht bainistithe aerfoirt conradh den sórt sin a dhéanamh.

Má dhiúltaíonn comhlacht bainistithe an aerfoirt conradh a dhéanamh le tríú páirtí chun cúnamh a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas nó do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, ní mór dó údar i scríbhinn a thabhairt leis sin i gcomhréir le hAirteagal 8(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006.

De bhun Airteagal 8(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, má chinneann comhlacht bainistithe aerfoirt conradh a dhéanamh le tríú páirtí chun cúnamh a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas nó do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, ní mór dó é sin a dhéanamh i gcomhar le húsáideoirí an aerfoirt (trí choiste na n-úsáideoirí aerfoirt, más ann do choiste den sórt sin). Ba cheart, dá bhrí sin, dul i gcomhairle le húsáideoirí an aerfoirt maidir le hábhar conartha den sórt sin (e.g. na híoscheanglais seirbhíse; líon na ndaoine atá fostaithe; agus an trealamh atá le húsáid ag an gconraitheoir atá le sannadh chun cúnamh a sholáthar) agus maidir le roghnú an chonraitheora tríú páirtí (i.e. meastóireacht ar na tairiscintí agus dámhachtain an chonartha).

6.3. **Muirear sonrach ar úsáideoirí an aerfoirt chun cúnamh a mhaoiniú**

Ceanglaítear le hAirteagal 8(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 go gcuirfear cúnamh ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a sholáthar gan muirear breise a ghearradh ar na daoine áirithe sin.

Mura mian le comhlacht bainistithe an aerfoirt costais an chúnaimh sin a ghlacadh air féin amháin, féadfaidh sé (de bhun Airteagal 8(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006) muirear sonrach a thobhach ar bhonn neamh-idirdhealaitheach ar gach aeriompróir a úsáideann aerfort. Ní mór don mhuirear sonrach sin a bheith comhréireach le líon na bpaisinéirí a iompraíonn gach aeriompróir chuig an aerfort agus uaidh agus ní mór dó an cúnamh sin a mhaoiniú ar bhealach a leathfaidh an t-ualach go cothrom idir na paisinéirí uile a úsáideann an t-aerfort chun dídhreasachtaí a sheachaint maidir le daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a iompar.

I gcomhréir le hAirteagal 8(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, ní mór don mhuirear sonrach sin a bheith réasúnach, bainteach le costas agus trédhearcach.

Chun a ráthú go mbaineann na muirir shonracha a thoibhítear ar aeriompróirí leis an gcostas (i.e. i gcomhréir leis an gcúnamh a sholáthraítear do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe) agus nach maoinítear leis na muirir sin aon ghníomhaíochtaí de chuid an chomhlachta bainistithe seachas na gníomhaíochtaí sin a bhaineann le cúnamh den sórt sin a sholáthar, ba cheart na muirir a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm ar bhealach atá go hiomlán trédhearcach ([51]).

De bhun Airteagal 8(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, is é comhlacht bainistithe an aerfoirt a bhunóidh an muirear sonrach i gcomhar le húsáideoirí an aerfoirt; trí choiste na n-úsáideoirí aerfoirt (más ann do choiste den sórt sin) nó trí aon eintiteas iomchuí eile.

([50]) Féach pointe 6.5 thíos.
([51]) Féach aithris 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006.

Is dea-chleachtas é go ndéanfar comhairliúchán, faoi stiúir chomhlacht bainistithe an aerfoirt, le húsáideoirí an aerfoirt mar aon le malartú tuairimí maidir leis na gnéithe de ríomh an mhuirir shonraigh. Sula bhforchuirfear an muirear sonrach den chéad uair nó nuair a dhéanfar athbhreithniú air, ba cheart do chomhlacht bainistithe an aerfoirt réamhfhógra iomchuí a thabhairt d'úsáideoirí an aerfoirt agus deis a thabhairt dóibh a dtuairimí a chur isteach. Ba cheart faisnéis airgeadais, oibríochtúil agus faisnéis ábhartha eile atá trédhearcach agus iomchuí a chur ar fáil d'úsáideoirí an aerfoirt ionas go mbeidh siad in ann tuairimí eolasacha a thabhairt. Ba cheart faisnéis den sórt sin a sholáthar ar leibhéal atá mionsonraithe go leor chun go mbeidh na páirtithe leasmhara in ann an gaol idir costais, leibhéil seirbhíse agus spreagthaí costais a thuiscint. Go ginearálta, ba cheart go soiléireofaí sna comhairliúcháin cineál na dtograí, na páirtithe is dóichí a ndéanfar difear dóibh, na ceisteanna sonracha a n-iarrfar aiseolas ina leith, agus an sprioc-am chun an t-aiseolas a iarradh a sholáthar. Ba cheart an deis a thabhairt do gach páirtí leasmhar a gcuid tuairimí a chur i láthair. Ba cheart údar cuí a bheith leis an gcinneadh. Ba cheart réamhfhógra réasúnach a thabhairt d'úsáideoirí faoin gcinneadh críochnaitheach maidir le haon athbhreithniú ar mhuirir nó maidir le muirir nua a fhorchur.

Nuair a théann comhlacht bainistithe aerfoirt i gcomhairle le coiste na n-úsáideoirí aerfoirt nó le húsáideoirí aonair aerfoirt maidir leis an muirear sonrach chun cúnamh a mhaoiniú do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, ba cheart dó an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad a sholáthar: liosta de na seirbhísí agus den bhonneagar arna soláthar mar mhalairt ar an muirear speisialta a thoibhítear; an mhodheolaíocht a úsáidtear chun an muirear sonrach a fhorchur; ioncam an mhuirir shonraigh; agus costais iomlána na seirbhísí a chumhdaítear.

Mar chuid den mhuirear sonrach a fhorchur chun cúnamh a mhaoiniú do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, ba cheart spriocanna éifeachtúlachta don chúnamh a bhunú freisin. Ba cheart athbhreithniú bliantúil a dhéanamh orthu i gcomhairle le comhlachais a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine faoi mhíchumas agus ar dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus ar aeriompróirí.

Ba cheart próiseas comhairliúcháin éifeachtach faoi stiúir chomhlacht bainistithe an aerfoirt a dhéanamh le húsáideoirí an aerfoirt, mar aon le malartú tuairimí maidir le gnéithe ríomh an mhuirir. Mar sin féin, údaraítear do chomhlacht bainistithe an aerfoirt cinneadh críochnaitheach a dhéanamh ag deireadh an phróisis comhairliúcháin maidir le ríomh an mhuirir agus maidir le méid an mhuirir shonraigh a mheasann sé a bheith iomchuí.

De bhun Airteagal 8(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, ní mór do chomhlacht bainistithe aerfoirt cuntais a ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcúnamh a sholáthraítear do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a dheighilt ó chuntais a ghníomhaíochtaí eile, i gcomhréir leis an gcleachtas tráchtála reatha. De bhun Airteagal 8(6), tá forléargas bliantúil iniúchta ar na muirir a fuarthas agus ar na speansais a tabhaíodh i leith an chúnaimh a soláthraíodh do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe le cur ar fáil do na comhlachtaí forfheidhmithe agus d'úsáideoirí an aerfoirt.

Áirítear iad seo a leanas ar shamplaí de na cineálacha costas a d'fhéadfaí a chumhdach faoin muirear sonrach sin: costais cúnaimh dhírigh (na costais a bhaineann leis an gcúnamh a reáchtáil ó lá go lá (e.g. tuarastal na foirne cúnaimh); costais theagmhasacha eile a bhaineann le cúnamh a sholáthar (e.g. costais chothabhála, ábhar oibriúcháin a cheannach, spás a fháil ar cíos chun oifig seolta a bheith aici don fhoireann cúnaimh, mar shampla); caiteachas caipitiúil ar shaoráidí is gá chun an cúnamh a sholáthar ([52]); caiteachas caipitiúil an trealaimh a úsáidfear chun cúnamh a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe; an costas a bhaineann le bonneagar a thógáil nó a iarfheistiú chun go mbeidh rochtain ag na daoine sin air; costais arna dtabhú le haghaidh oiliúint a bhaineann le feasacht ar an míchumas agus oiliúint a bhaineann le cúnamh míchumais d'fhoireann an aerfoirt; agus costais riaracháin (mar shampla, an t-am a chaitheann pearsanra an aerfoirt ag forbairt na tairisceana chun an cúnamh a sholáthar agus an conradh a reáchtáil).

Maidir le maoiniú bonneagair soghluaisteachta nach n-úsáideann daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe go heisiach (e.g. ardaitheoirí agus criosanna iompair), ba cheart a bheith i gceist leis an oibleagáid cuntais ar leith a sholáthar do ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcúnamh a sholáthraítear do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus do ghníomhaíochtaí eile nár cheart ach cuid den bhonneagar soghluaisteachta sin (atá comhréireach lena úsáid ag daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe i gcomparáid le húsáid iomlán an bhonneagair soghluaisteachta atá i gceist) a mhaoiniú leis an muirear sonrach.

([52]) Ceadaítear le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 costas caipitil cothromais a áireamh i ríomh na gcostas. Tá costas cothromais le tuiscint mar dháileadh ionchasach bhrabús gnóthais ar a infheisteoirí cothromais. Is é an ráta toraidh a íocann an t-aerfort lena infheisteoirí cothromais chun caipiteal cothromais (glansócmhainní) a fháil uathu.

6.4. **Cúnamh a sholáthar ag an aerfort** ([53])

Réamhfhógra agus cúnamh iomchuí

Ceanglaítear ar chomhlachtaí bainistithe aerfoirt cúnamh a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe ionas go mbeidh siad in ann dul ó phointe ainmnithe teacht isteach in aerfort chuig aerárthach agus ón aerárthach chuig pointe ainmnithe imeacht amach as an aerfort. Áirítear leis sin bordáil agus díbhordáil.

De bhun Airteagal 7(7) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, ní mór an cúnamh a sholáthraítear a bheith iomchuí, a mhéid is féidir, do riachtanais ar leith an phaisinéara aonair agus ní mór é a eagrú ar bhealach a sheachnóidh aon chur isteach agus moill ([54]).

Má rinne paisinéir a riachtanais chúnaimh a réamhfhógairt go cuí, ceanglaítear ar chomhlacht bainistithe aerfoirt i gcomhréir le hAirteagal 7(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 cúnamh a sholáthar ionas 'go mbeidh an duine in ann taisteal ar an eitilt'.

Tá feidhm ag an riail chéanna freisin maidir le paisinéirí nasctha, de bhun Airteagal 7(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006. Má tá réamhfhógra tugtha ag paisinéir go cuí go bhfuil gá aige le cúnamh, ní mór do chomhlacht bainistithe an aerfoirt a áirithiú go mbeidh an paisinéir sin in ann taisteal ar an nasceitilt.

I gcás paisinéirí nár thug réamhfhógra cuí go bhfuil gá acu le cúnamh, ceanglaítear ar chomhlacht bainistithe aerfoirt gach 'iarracht réasúnta' a dhéanamh chun an cúnamh a theastaíonn ón duine lena mbaineann a chur ar fáil ionas go mbeidh sé in ann dul ar an eitilt. Dá bhrí sin, ceadaítear, agus cúnamh á sholáthar, tosaíocht a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a thug réamhfhógra cuí go bhfuil gá acu le cúnamh – ar choinníoll go ndéantar gach iarracht réasúnta cúnamh a thabhairt freisin do na paisinéirí sin nár thug réamhfhógra cuí go raibh gá acu le cúnamh.

In Iarscríbhinn 5-D a ghabhann le Doiciméad Uimh. 30, Cuid I, Roinn 5, ECAC ([55]) tá caighdeáin cháilíochta le haghaidh na seirbhíse ar cheart do chomhlachtaí bainistithe aerfort a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe atá ag imeacht amach as aerfort agus ag teacht isteach ann.

De bhun Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, áirítear leis an gcúnamh ag aerfoirt cur ar chumas daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a chur in iúl go bhfuil siad tagtha a fhad leis an aerfort agus a n-iarraidh ar chúnamh a chur in iúl, ag na pointí ainmnithe; dul ón bpointe ainmnithe go dtí an deasc chláraithe; bagáiste a sheiceáil isteach agus a chlárú; agus dul ar aghaidh ón deasc chláraithe chuig an aerárthach (lena n-áirítear nósanna imeachta eisimirce, custaim agus slándála a chur i gcrích).

Ciallaíonn úsáid an téarma 'cúnamh iomchuí' in Airteagal 7(7) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 gur cheart cúnamh le bagáiste láimhe a áireamh sa chúnamh freisin nuair a iarrtar é le linn cláraithe, slándála, custaim, inimirce agus bordála.

Coinníollacha maidir le cúnamh do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe atá ag imeacht

Teastaíonn am ó chomhlachtaí bainistithe aerfoirt ní hamháin chun ullmhú le haghaidh cúnamh a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, ach chun oibriú tráthúil eitiltí a ráthú freisin.

Dá réir sin, agus chun cúnamh a fháil ó chomhlacht bainistithe an aerfoirt, ceanglaítear le hAirteagal 7(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 ar dhaoine faoi mhíchumas agus ar dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe rogha a dhéanamh idir ceann amháin de na roghanna seo a leanas:

a) iad féin a chur i láthair lena gclárú ag an am a shonraítear roimh ré agus i scríbhinn (lena n-áirítear trí mhodh leictreonach) ag an aeriompróir nó ag a ghníomhaire nó ag an tionscnóir turas, nó (mura sonraítear am ar bith) tráth nach déanaí ná uair an chloig roimh an am imeachta foilsithe; nó

([53]) Sa bhreis ar na cúraimí cúnaimh do chomhlachtaí bainistithe aerfort a liostaítear i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, leis an togra ón gCoimisiún an 29 Samhain 2023 le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cearta paisinéirí i gcomhthéacs turais ilmhódacha (COM(2023) 752 final), chuirfí d'oibleagáid ar iompróirí a thairgeann conarthaí ilmhódacha aonair comhoibriú le comhlachtaí bainistithe críochfort chun cúnamh a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe trí úsáid a bhaint as conarthaí ilmhódacha aonair, go háirithe nuair a nascann siad ó mhodh iompair amháin go modh iompair eile. Ní mór d'iompróirí a thairgeann conarthaí ilmhódacha aonair agus comhlachtaí bainistithe críochfoirt a áirithiú nach mbeidh ar dhaoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus a úsáideann conarthaí ilmhódacha aonair réamhfhógra a thabhairt faoin gcúnamh atá uathu ach an t-aon uair amháin. Beidh ar iompróirí agus ar oibreoirí críochfoirt pointí teagmhála aonair a chur ar bun agus a oibriú ag moil ilmhódacha áirithe a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an togra chun iarrataí ar chúnamh a fháil ó dhaoine faoi mhíchumas agus ó dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus iad a tharchur chuig na heintitis atá freagrach as cúnamh a sholáthar.

([54]) Féach aithris 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006.

([55]) Féach leathanaigh 2, 3 agus 4 d'Iarscríbhinn 5-D a ghabhann le Doiciméad Uimh. 30, Cuid I, Roinn 5, ECAC.

b) ag teacht isteach chuig ceann de phointí ainmnithe teacht isteach nó imeachta an aerfoirt ([56]) ag an am a bheidh sonraithe roimh ré agus i scríbhinn (lena n-áirítear trí mhodh leictreonach) ag an aeriompróir nó ag a ghníomhaire nó ag an tionscnóir turas, nó (mura sonraítear am ar bith) tráth nach déanaí ná 2 uair an chloig roimh an am imeachta foilsithe.

Cathaoireacha rothaí a sholáthar chun iompar rianúil daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe ag an aerfort a áirithiú

Ba cheart do chomhlachtaí bainistithe aerfoirt, arna iarraidh sin, cathaoireacha rothaí a chur ar fáil chun a áirithiú go ndéanfar daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a iompar go rianúil ag aerfoirt ón bpointe a shroicheann siad aerfort go dtí an t-am a rachaidh siad ar bord aerárthaigh, agus ón am a thuirlingeoidh siad ó aerárthach go dtí an pointe a n-imíonn siad amach as an aerfort. Ba cheart do chomhlachtaí bainistithe aerfoirt na riachtanais éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ag daoine faoi mhíchumas agus ag daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus an líon paisinéirí a bhféadfadh cúnamh den sórt sin a bheith ag teastáil uathu a chur san áireamh. Glactar leis go bhféadfadh tionchar a bheith ag méid an aerfoirt ar infhaighteacht cineálacha éagsúla cathaoireacha rothaí. D'fhéadfadh an rogha a bheith níos srianta ag aerfoirt bheaga réigiúnacha, ach táthar ag súil go mbeidh réimse níos leithne cathaoireacha rothaí ag aerfoirt mhóra chun freastal ar riachtanais na bpaisinéirí sin ([57]). Fiú má tá rogha na gcathaoireacha rothaí srianta, ba cheart do chomhlachtaí bainistithe aerfoirt a áirithiú, mar sin féin, go bhfuil na cathaoireacha rothaí atá ar fáil chomh compordach agus chomh sábháilte agus is féidir.

I gcásanna ina dtagann daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe chuig an aerfort agus iad ina gcathaoireacha rothaí féin, is dea-chleachtas é do chomhlachtaí bainistithe aerfoirt cead a thabhairt dóibh (a mhéid is féidir agus ar choinníoll go gcomhlíonfaidh sé sin na rialacháin slándála atá i bhfeidhm) a gcathaoir rothaí féin a úsáid go dtí go rachaidh siad ar bord an aerárthaigh, go háirithe sna cásanna sin nach bhfuil na cineálacha cathaoireacha rothaí atá ar fáil san aerfort oiriúnach do mhíchumas sonrach an phaisinéara lena mbaineann. Ar an gcaoi chéanna (agus, i gcás inarb indéanta, agus nósanna imeachta láimhseála a bhaineann le sábháilteacht á gcur san áireamh), ba cheart go bhfaigheadh daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a dtrealamh soghluaisteachta féin díreach tar éis díbhordála agus níor cheart go mbeadh sé d'oibleagáid orthu é a aisghabháil ag halla an bhagáiste.

Láimhseáil ar an talamh a dhéanamh ar threalamh soghluaisteachta daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe

Sonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 go bhfuil comhlachtaí bainistithe aerfoirt freagrach as láimhseáil ar an talamh a dhéanamh ar threalamh soghluaisteachta daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe. Áirítear leis sin freisin cathaoireacha rothaí leictreacha a láimhseáil ar an talamh – faoi réir réamhrabhadh 48 n-uaire an chloig agus faoi réir chur i bhfeidhm na reachtaíochta ábhartha maidir le hearraí contúirteacha.

Trealamh soghluaisteachta a ndearnadh damáiste dó nó a cailleadh a athsholáthar go sealadach le haghaidh daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe

De bhun Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, ní mór do chomhlachtaí bainistíochta aerfoirt a bheith sásta athsholáthar sealadach a chur ar fáil maidir le trealamh soghluaisteachta a ndearnadh damáiste dó nó a cailleadh, cé nach gá gur ar bhonn 'macasamhail le macasamhail' a bheadh sé. I gcomhréir leis an gceanglas a leagtar amach in Airteagal 7(7) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 agus chun 'cúnamh iomchuí' a sholáthar, ba cheart an t-athsholáthar a bheith chomh cosúil agus is féidir leis an trealamh soghluaisteachta a ndearnadh damáiste dó nó a cailleadh agus riachtanais ar leith an phaisinéara aonair a shásamh. I gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, ní mór an t-athsholáthar a chur ar fáil gan aon mhuirear breise. Is dea-chleachtas é cead a thabhairt don phaisinéir lena mbaineann an trealamh sealadach athsholáthair a choinneáil go dtí go ndéanfar an trealamh a ndearnadh damáiste dó a shocrú nó trealamh eile a chur ina ionad.

Cúnamh ag saoráidí cláraithe

Ba cheart saoráidí cláraithe a dhearadh sa chaoi go mbeidh siad inrochtana do phaisinéirí a úsáideann cathaoireacha rothaí agus do dhaoine siúlacha atá faoi mhíchumais éagsúla. Ba cheart a áirithiú gur féidir leis an bhfoireann cumarsáid a dhéanamh le paisinéirí atá bodhar nó paisinéirí lagéisteachta trí theanga chomharthaíochta nó trí mhodhanna malartacha cumarsáide.

([56]) Féach pointe 6.1. maidir le pointí teacht isteach nó imeachta a ainmniú.

([57]) Leanann sé sin ón oibleagáid in Airteagal 7(7) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 nach mór don chúnamh sin, a mhéid is féidir, a bheith oiriúnach do riachtanais ar leith an phaisinéara aonair.

I gcás ina n-úsáideann aerfort nó aerlíne trealamh féinseirbhíse cláraithe, beidh feidhm ag ceanglais inrochtaineachta Threoir (AE) 2019/882 amhail ón 28 Meitheamh 2025. Mar sin féin, tá beart idirthréimhseach in Airteagal 32(2) de Threoir (AE) 2019/882: I dtaca leis na teirminéil féinseirbhíse sin a bhí in úsáid go dleathach ag soláthraithe seirbhíse chun a gcuid seirbhísí a sholáthar roimhe seo an 28 Meitheamh 2025, féadfaidh na Ballstáit a fhoráil gur ceadmhach leanúint dá n-úsáid chun seirbhísí cosúla a sholáthar nó go mbeidh a sea eacnamaíoch tugtha, ach tráth nach faide ná 20 bliain ó tosaíodh á n-úsáid. Is dea-chleachtas é deasc cláraithe agus deasc fágála ar leith a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe chun an t-am sa scuaine a laghdú dóibh siúd nach bhfuil chomh ábalta seasamh ar feadh tréimhsí fada.

Cúnamh le nósanna imeachta inimirce, custaim agus slándála

Is dea-chleachtas é nósanna imeachta inimirce, custaim agus slándála a chur in oiriúint do riachtanais daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe chun a n-imréiteach a éascú ar bhealach sábháilte agus díniteach ([58]).

Cúnamh maidir le bordáil

De bhun Airteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 agus Iarscríbhinn I a ghabhann leis, ní mór do chomhlacht bainistithe aerfoirt cúnamh a thabhairt freisin do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe dul ar bord an aerárthaigh, le himeacht ó dhoras an aerárthaigh go dtí a suíocháin agus a mbagáiste a stóráil ar an aerárthach.

Ba cheart faisnéis maidir le bordáil a sholáthar trí mhodhanna céadfacha éagsúla (e.g. le fógraí callaire agus i scríbhinn ar chláir taispeána).

Luaitear i Lámhleabhar neamhcheangailteach na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) maidir le Rochtain ar Aeriompar ag Daoine faoi Mhíchumas (Lámhleabhar ICAO) ([59]) gur cheart an deis a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas a shainaithníonn go dteastaíonn cúnamh nó am breise uathu le haghaidh bordála chun réamhbhordáil ar leithligh a dhéanamh (i.e. roimh gach paisinéir eile), toisc go mbíonn sé sin níos dínití agus nach mbíonn an oiread struis ag baint leis don duine agus go mbíonn sé níos éifeachtúla don aerlíne. Tá réamhbhordáil den sórt sin faoi réir an paisinéir lena mbaineann a bheith ag an ngeata in am agus faoi réir cúrsaí sábháilteachta.

Cúnamh ar theacht isteach

De bhun Airteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 agus Iarscríbhinn I a ghabhann leis, ní mór do chomhlachtaí bainistithe aerfort cúnamh a chur ar fáil ar theacht isteach do dhuine faoi mhíchumas nó do dhuine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe chun a mbagáiste ar an aerárthach a fháil dóibh; gluaiseacht óna suíocháin go doras an aerárthaigh; díbhordáil ón aerárthach; gluaiseacht ón aerárthach go dtí halla an bhagáiste agus an bagáiste a fháil ar ais; nósanna imeachta inimirce agus custaim a chur i gcrích; agus gluaiseacht ó halla an bhagáiste go dtí pointe ainmnithe.

Is dea-chleachtas é d'fhoireann cábáin an aeriompróra a áirithiú ag an díbhordáil go gcuirfí na cúntóirí aerfoirt atá ag fanacht ag doras an aerárthaigh in aithne do na paisinéirí a bhfuil cúnamh de dhíth orthu. Cuideoidh sé sin le cásanna mearbhlacha a sheachaint nó le mainneachtain cúnamh a chur ar fáil a sheachaint, mar shampla nuair nach féidir leis an bhfoireann cúnaimh na paisinéirí a bhfuil cúnamh de dhíth orthu a shainaithint láithreach (mar a d'fhéadfadh a bheith amhlaidh i gcás daoine faoi mhíchumas folaithe).

I gcomhréir leis an gceanglas maidir le 'cúnamh iomchuí' de bhun Airteagal 7(7) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, ba cheart go n-áireofaí ar chúnamh chun gluaiseacht ón halla bagáiste go dtí pointe ainmnithe, daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a iompar ó halla an bhagáiste go dtí pointe ainmnithe lena mbagáiste, má iarrann siad amhlaidh.

Cóiríocht do mhadraí cuidithe aitheanta

Luaitear in Airteagal 7(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, i gcás ina n-éilítear madra cuidithe aitheanta, go bhfuil ceanglas den sórt sin le comhlíonadh – ar choinníoll go dtugtar fógra faoin gceanglas sin don aeriompróir nó dá ghníomhaire nó don tionscnóir turas i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta is infheidhme lena gcumhdaítear madraí cuidithe a iompar ar bord aerárthaí (i gcás inarb ann do rialacha den sórt sin). Sonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 go bhfuil comhlachtaí bainistithe aerfoirt freagrach as madraí cuidithe aitheanta a láimhseáil ar an talamh.

([58]) Féach Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse slándála na heitlíochta sibhialta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2320/2002 (IO L 97, 9.4.2008, lch. 72, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/300/oj).

([59]) Féach pointe 7.3 de Lámhleabhar na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) maidir le Rochtain ar Aeriompar ag Daoine faoi Mhíchumas (9984), an chéad eagrán, 2013.

Is cuí limistéar fóirithinte madraí dea-chothabháilte a chur ar fáil do mhadraí cuidithe,

'Laethanta inrochtaineachta': dea-chleachtas aerfort agus aeriompróirí chun cabhrú le daoine faoi mhíchumas dul i dtaithí ar aerthaisteal

Tá an dea-chleachtas maidir le 'laethanta inrochtaineachta' a eagrú curtha chun feidhme cheana féin ag roinnt aerfort agus aeriompróirí chun a chur ar chumas daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe eolas a chur ar an aerfort agus ar thimpeallachtaí ar bord roimh a dturas.

6.5. **Caighdeáin cháilíochta aerfoirt**

Comhairliúcháin le húsáideoirí aerfoirt agus le hionadaithe daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe

De bhun Airteagal 9(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, ní mór d'aerfoirt arb ionann agus 150 000 gluaiseacht tráchtála paisinéirí ar a laghad an trácht bliantúil iontu caighdeáin cháilíochta a bheith acu don chúnamh a shonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006. Socróidh comhlachtaí bainistithe aerfort na caighdeáin cháilíochta sin agus cinnfidh siad na hacmhainní chun iad a chomhlíonadh, i gcomhar le haeriompróirí trí choiste na n-úsáideoirí aerfoirt (i gcás ina bhfuil coiste den sórt sin ann) agus leis na heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine faoi mhíchumas agus ar dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe ([60]). Mura bhfuil coiste na n-úsáideoirí aerfoirt ag aerfort, ba cheart do chomhlacht bainistithe an aerfoirt cineál eile comhairliúcháin a eagrú lena n-áirítear na haeriompróirí go léir a iompraíonn paisinéirí ón aerfort lena mbaineann nó chuig an aerfort lena mbaineann.

Ba cheart do chomhlacht bainistithe aerfoirt cruinnithe rialta a eagrú le hionadaithe daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe; agus dul i gcomhairle leo maidir le caighdeáin cháilíochta a leagan síos; athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht de réir na gcaighdeán cáilíochta; athbhreithniú a dhéanamh ar chórais faireacháin feidhmíochta; conarthaí a dhámhachtain do sholáthraithe seirbhíse (gan an chuid rúnda tráchtála de chonarthaí den sórt sin a áireamh); agus comhairle a chur ar fáil maidir le hinrochtaineacht críochfort, trealaimh agus seirbhísí agus clár oiliúna.

Is dea-chleachtas é cuireadh a thabhairt d'ionadaithe daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe iniúchadh a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcaighdeán cáilíochta.

Ba cheart a lua go soiléir i ndoiciméid maidir le caighdeáin cháilíochta go ndearnadh comhairliúchán, mar aon le liosta de na daoine a ndeachthas i gcomhairle leo (e.g. úsáideoirí aerfoirt agus ionadaithe daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe); cathain a rinneadh an comhairliúchán; agus conas a rinneadh na tuairimí a cuireadh in iúl le linn an chomhairliúcháin a mheas.

Ábhar na gcaighdeán cáilíochta

Luaitear in Airteagal 9(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 nach mór aird iomlán a thabhairt ar bheartais agus ar chóid iompair a aithnítear go hidirnáisiúnta (go háirithe Cód Dea-Iompair ECAC maidir le Láimhseáil ar an Talamh do Dhaoine a bhfuil a Soghluaisteacht Laghdaithe) ([61]). Tá caighdeáin shonracha cháilíochtúla agus chainníochtúla i gCód ECAC a bhaineann leis an gcúnamh a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006.

Caighdeáin cháilíochta cheangailteacha

Tá comhlachtaí bainistithe aerfoirt faoi cheangal ag na caighdeáin cháilíochta maidir le cúnamh a leagtar amach in Airteagal 9(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, i gcomhréir le hAirteagal 14(1) den Rialachán sin lena gceanglaítear ar chomhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe na bearta is gá a dhéanamh chun comhlíonadh na gcaighdeán cáilíochta sin a áirithiú.

Foilsiú na gcaighdeán cáilíochta

De bhun Airteagal 9(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, ceanglaítear ar chomhlachtaí bainistithe aerfort a gcuid doiciméad caighdeánach cáilíochta maidir le cúnamh a fhoilsiú. Ba cheart paisinéirí a bheith in ann na caighdeáin cháilíochta sin a shainaithint go tapa agus go héasca ar shuíomh gréasáin aerfoirt.

([60]) Ba cheart do chomhlacht bainistithe aerfoirt, dá bhrí sin, tuairim choiste na n-úsáideoirí aerfoirt maidir leis an trealamh atá le ceannach a chur san áireamh chun cúnamh a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe.

([61]) Féach freisin Iarscríbhinn 5-C a ghabhann le Doiciméad Uimh. 30, Cuid I, Roinn 5, ECAC.

Faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht de réir caighdeán cáilíochta

Ba cheart athbhreithnithe rialta a dhéanamh chun feidhmíocht an tsoláthraí seirbhíse a sheiceáil de réir caighdeán cáilíochta. Ba cheart a bheith ag súil le soláthraithe seirbhíse 'a gcórais faireacháin feidhmíochta féin a thabhairt isteach agus sonraí réasúnacha a sholáthar de réir mar a éilíonn pobal an aerfoirt' ([62]).

Ba cheart do chomhlachtaí bainistithe aerfoirt sonraí a bhailiú lena dtomhaistear feidhmíocht i ndáil leis an doiciméad maidir le caighdeáin cháilíochta agus ba cheart dóibh na sonraí sin a chur faoi bhráid na gcomhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe gach bliain. Ba cheart go n-áireofaí sna sonraí a chuirtear faoi bhráid na gcomhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe sonraí a bhaineann le feidhmíocht i gcoinne mhéadrachtaí cainníochtúla ECAC ([63]); torthaí aon suirbhéanna ar phaisinéirí; achoimrí ar chruinnithe le hionadaithe daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe; teagmhais inar cailleadh eitilt phaisinéara nó nasceitilt phaisinéara; agus teagmhais nuair nach raibh cúnamh ar fáil do phaisinéirí a bhí ag teacht isteach ag an ngeata laistigh de 45 nóiméad tar éis dóibh teacht isteach.

Is dea-chleachtas é do chomhlachtaí bainistithe aerfort uirlisí a ghlacadh (e.g., córais bogearraí lena dtugtar rochtain fíor-ama do pháirtithe leasmhara ábhartha ar phríomhtháscairí feidhmíochta agus ar shonraí feidhmíochta a bhaineann le cúnamh a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe). Cuidíonn sé sin lena áirithiú go ndéantar faisnéis maidir le cúnamh do phaisinéirí a tharchur go cruinn; go bhfuil na muirir shonracha a shocraíonn comhlachtaí bainistithe aerfort as cúnamh a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe réasúnta agus go mbaineann siad le costais; agus go ndéantar faireachán cruinn ar chomhlíonadh na gcaighdeán cáilíochta. Ba cheart go ndéanfadh uirlisí den sórt sin faireachán ar chaighdeáin cháilíochta trí sheirbhísí a sholáthraítear do gach paisinéir aonair a thomhas.

6.6. **An oibleagáid atá ar aeriompróirí aird ar leith a thabhairt ar dhaoine faoi mhíchumas agus ar dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe i gcás moilleanna agus cealuithe**

De bhreis ar cheanglais Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 maidir le cúnamh a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe ag aerfoirt, ceanglaítear le hAirteagal 9(1) agus 9(2) de Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 ar iompróirí oibriúcháin aird ar leith a thabhairt ar riachtanais daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus aon duine atá á dtionlacan i gcás nach gceadófar dóibh bordáil, i gcás ina gcuirfear an eitilt ar ceal nó i gcás ina mbeidh moill ar bith uirthi. Tá gach paisinéir i dteideal cúram a fháil amhail béilí agus sólaistí (i gcomhréir réasúnta leis an bhfad feithimh); cóiríocht óstáin más gá fanacht thar oíche; agus an fhéidearthacht dhá ghlao gutháin a dhéanamh saor in aisce agus áiseanna ríomhphoist a úsáid. Mar sin féin, ba cheart tosaíocht a thabhairt do riachtanais daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 261/2004.

Ba cheart an cúram sin a thairiscint do phaisinéirí, saor in aisce agus ar bhealach soiléir agus inrochtana (lena n-áirítear trí mhodhanna leictreonacha cumarsáide). Ba cheart próisis a bheith i bhfeidhm ag aeriompróirí freisin chun cúram a thairiscint go gníomhach do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe ar eitilt ábhartha agus cúram a chur ar fáil dóibh mar thosaíocht. Ciallaíonn sé sin nár cheart go bhfágfaí paisinéirí chun socruithe a dhéanamh iad féin (mar shampla, lóistín nó bia a aimsiú agus íoc as). Ina ionad sin, ní mór d'aeriompróirí oibriúcháin cúram a thairiscint go gníomhach. Ba cheart d'aeriompróirí oibriúcháin a áirithiú freisin, i gcás inar féidir, go mbeidh an chóiríocht a thairgtear inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas agus dá madraí cuidithe.

I bhfianaise na gceanglas i gcás nach gceadófar dóibh bordáil, i gcás moilleanna fada agus cealuithe, is dea-chleachtas é do chomhlachtaí bainistithe aerfoirt agus d'aeriompróirí pleananna teagmhasacha éigeandála a bhunú agus a choinneáil ar bun chun an tionchar a bheadh ag eitiltí daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a gcuirtear isteach orthu go mór ag aerfoirt a íoslaghdú (e.g. le liosta de chóiríocht inrochtana i gcomharsanacht an aerfoirt; liosta de sholáthraithe féideartha trealaimh leighis; agus sonraí maidir le pointí luchtaithe le haghaidh trealamh leighis leictreach).

6.7. **Sláinte agus sábháilteacht na foirne cúnaimh**

Níor cheart sláinte agus sábháilteacht fhoireann na n-aerfort a chuireann cúnamh ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a chur i mbaol. Mar shampla, agus cúnamh á sholáthar acu, ba cheart d'fhoireann an aerfoirt, i gcás inar féidir, úsáid a bhaint as áiseanna meicniúla amhail cathaoireacha rothaí talún, cathaoireacha rothaí bordála, rampaí agus ardaitheoirí; agus ba cheart ardú de láimh daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a theorannú do chásanna eisceachtúla.

([62]) Féach Airteagal 9(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, i gcomhar le mír 9.1 de Chód Dea-Iompair ECAC maidir le Láimhseáil ar an Talamh.

([63]) Féach pointe 7.5 d'Iarscríbhinn 5-C a ghabhann le Doiciméad Uimh. 30, Cuid I, Roinn 5, ECAC.

I gcás ina bhfuil rialacha náisiúnta ag na Ballstáit lena rialaítear freagrachtaí na bhfostóirí maidir le sláinte agus sábháilteacht a bhfostaithe a chosaint, ba cheart na rialacha sin a leanúint agus cúnamh á thabhairt.

7. DIÚLTÚ PAISINÉIR FAOI MHÍCHUMAS NÓ PAISINÉIR A BHFUIL A SHOGHLUAISTEACHT LAGHDAITHE A BHORDÁIL AGUS A CHUR DE CHOINNÍOLL AR BHORDÁIL GO MBEIDH NA PAISINÉIRÍ SIN AG TAISTEAL LE CÚNTÓIR SÁBHÁILTEACHTA

Tá feidhm ag pointe 5.5 thuas maidir le diúltú d'áirithint nó do bhordáil freisin i gcásanna ina ndiúltaíonn aeriompróir paisinéir a bhordáil ar fhorais ceanglas sábháilteachta; nó go gcuireann sé de choinníoll le hiompar an phaisinéara lena mbaineann go mbeidh duine in éineacht leis a bheidh in ann an cúnamh is gá a chur ar fáil chun na ceanglais sábháilteachta is infheidhme a chomhlíonadh.

8. CÚNAMH ARNA SHOLÁTHAR AG AN AERIOMPRÓIR

Cuirfidh aeriompróir an cúnamh a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe más rud é gur chuir na daoine sin in iúl roimh ré go bhfuil gá acu le cúnamh 48 n-uaire an chloig ar a laghad roimh am imeachta foilsithe na heitilte; gur thug siad réamhfhógra go bhfuil siad ag taisteal le madra cuidithe; agus gur chuir siad iad féin i láthair ag pointe ainmnithe teacht isteach agus imeachta agus níos déanaí ag an deasc chláraithe ag an am a shonraítear in Airteagal 7(4) den Rialachán sin. De réir Airteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, tá aeriompróir leis an gcúnamh a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán a sholáthar saor in aisce.

Ba cheart a chur i dtábhacht gurb í sábháilteacht na bpaisinéirí uile ar bord aerárthaigh an phríomhfhreagracht atá ar fhoireann an chábáin. Áirithíonn siad go n-urramaítear na ceanglais sábháilteachta ar bord agus eagraíonn siad cúnamh sábháilteachta i gcás éigeandála agus le linn oibríochtaí laethúla. Aon ghníomhaíocht a d'fhéadfadh comhlíonadh a ndualgas nó a ndea-shláinte (lena n-áirítear cúinsí sláinte agus sábháilteachta) a chur i mbaol, d'fhéadfadh sí tionchar a imirt ar shábháilteacht na bpaisinéirí uile ar bord. Ní cheanglaítear ar fhoirne cábáin cúnamh pearsanta a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas nó do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe (e.g. cúnamh le hithe nó le hól) a théann níos faide ná an tseirbhís a sholáthraítear do phaisinéirí eile. Mar sin féin, is féidir a bheith ag súil leis go gcuideoidh siad le coimeádáin bhia a oscailt agus le cur síos a dhéanamh ar shocruithe lónadóireachta do dhaoine dalla. Ar an gcaoi chéanna, ní cheanglaítear ar fhoireann cábáin cúnamh a sholáthar i seomra níocháin ná chun saoráidí leithris a úsáid (i gcásanna nach bhfuil an paisinéir in ann na háiseanna leithris a úsáid gan chúnamh). Is féidir a bheith ag súil leis, áfach, go gcuideoidh an fhoireann cábáin le paisinéir gluaiseacht tríd an gcábán i gcathaoir rothaí ar bord (má tá sé suiteáilte) nó trí mhodhanna malartacha. Ní cheanglaítear ar fhoireann cábáin seirbhísí leighis a sholáthar (lena n-áirítear cógas a thabhairt do phaisinéirí faoi mhíchumas nó do phaisinéirí a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe). Mura bhfuil duine faoi mhíchumas nó duine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe in ann na cúraimí sin a dhéanamh gan chúnamh ach gur gá dó ceann amháin nó níos mó de na cúraimí sin a dhéanamh le linn na heitilte, ní mór do chúntóir atá in ann an cúnamh is gá a sholáthar a bheith ag tionlacan an duine sin.

Maidir le hiompar bagáiste: seachas oibleagáid na n-aeriompróirí trealamh leighis a iompar agus dhá phíosa trealaimh soghluaisteachta in aghaidh an duine faoi mhíchumas nó an duine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe saor in aisce a iompar (mar a leagtar amach i sonraí breise i bpointí 8.2 agus 8.3 thíos), tá feidhm ag na rialacha maidir le teorainneacha meáchain maidir le daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe ar an mbealach céanna agus a bhfuil feidhm acu maidir le haon phaisinéir eile (i.e. ní mór dóibh an táille chéanna a íoc as an mbagáiste róthrom agus mar atá amhlaidh i gcás aon phaisinéir eile). De bhun Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, níl feidhm ag na rialacha maidir le srianta meáchain i dtaca le trealamh leighis agus soghluaisteachta a iompar ar choinníoll go n-urramaítear an teorannú ar dhá phíosa trealaimh soghluaisteachta in aghaidh an duine faoi mhíchumas nó in aghaidh an duine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe agus go gcomhlíontar aon srianta is infheidhme a bhaineann le hiompar earraí contúirteacha, le sábháilteacht eitlíochta nó le méid agus le deimhniú an aerárthaigh.

8.1. Madraí cuidithe aitheanta a iompar sa chábán

Faoi réir reachtaíocht náisiúnta agus reachtaíocht an Aontais maidir le gluaiseacht ainmhithe dá dtagraítear i bpointe 5.7 ([64]), tá cead ag madraí cuidithe aitheanta taisteal i gcábán na bpaisinéirí gan táille bhreise i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 agus le hIarscríbhinn II a ghabhann leis.

([64]) Féach go háirithe Rialachán (AE) Uimh. 576/2013.

De ghnáth beidh madraí cuidithe aitheanta ina suí sa spás ar an urlár os comhair shuíochán a n-úinéara. Mura féidir le madra cuidithe suí ar an urlár os comhair shuíochán a úinéara (mar shampla, toisc go bhfuil sé rómhór), tá an t-aeriompróir le socrú malartach oiriúnach a thairiscint chun cóiríocht a chur ar fáil don mhadra gan táillí breise a ghearradh, de bhun Airteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 agus Iarscríbhinn II a ghabhann leis. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis sin suíochán a chur ar fáil saor in aisce don mhadra cuidithe in aice leis an duine faoi mhíchumas.

8.2. **Iompar trealaimh soghluaisteachta**

De bhun Airteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 agus Iarscríbhinn II a ghabhann leis, ní mór d'aeriompróir suas le dhá phíosa trealaimh soghluaisteachta (lena n-áirítear cathaoireacha rothaí leictreacha) a iompar saor in aisce in aghaidh an duine faoi mhíchumas nó an duine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe.

Ní mór don duine lena mbaineann fógra a thabhairt don aeriompróir 48 n-uaire an chloig ar a laghad roimh am imeachta sceidealaithe na heitilte faoi iompar cathaoireacha rothaí leictreacha. Tá iompar cathaoireacha rothaí leictreacha den sórt sin faoi réir teorainneacha féideartha spáis ar bord an aerárthaigh. Tá sé faoi réir chur i bhfeidhm na reachtaíochta ábhartha maidir le hearraí contúirteacha freisin.

Ní shainmhínítear 'trealamh soghluaisteachta' i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006. Mar sin féin, is féidir a thuiscint go gciallaíonn sé aon trealamh atá beartaithe chun cúnamh a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe lena soghluaisteacht. Níl saoriompar trealaimh soghluaisteachta teoranta do na nithe sin a bhfuil gá leo le linn na heitilte ach áirítear leis freisin trealamh soghluaisteachta a bhfuil gá leis ag an gceann scríbe. Is minic nach féidir cathaoireacha rothaí leictreacha a iompar i gcábán an aerárthaigh, mar sin ciallaíonn a gcuimsiú in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 sa chatagóir i dtaca le trealamh soghluaisteachta nach mór a iompar saor in aisce go n-áirítear sa chatagóir sin ítimí nach bhfuil gá leo le linn na heitilte ach ag an gceann scríbe.

Chun an cúnamh is gá a chur ar fáil, ba cheart d'aeriompróirí, dá ngníomhairí agus dá dtionscnóirí turas a iarraidh roimh ré ar dhaoine faoi mhíchumas agus ar dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe atá ag taisteal lena dtrealamh soghluaisteachta an fhaisnéis uile is gá a bhaineann lena n-iompar a chur ar fáil.

Is toradh é 'Treoir IATA maidir le hIompar Áiseanna Soghluaisteachta' ([65]) ar thionscnamh IATA chun páirtithe leasmhara a bhfuil baint acu le hiompar trealaimh soghluaisteachta a thabhairt le chéile (lena n-áirítear ionadaithe daoine faoi mhíchumas, aeriompróirí, soláthraithe seirbhísí ar an talamh, aerfoirt, rialtóirí, an saol acadúil, agus monaróirí trealaimh soghluaisteachta) chun dea-chleachtais a bhaineann le hiompar sábháilte trealaimh soghluaisteachta a bhailiú. Tá moltaí ann a chuidíonn le haeriompróirí agus le comhlachtaí bainistithe aerfort a n-oibleagáidí a chomhlíonadh maidir le trealamh soghluaisteachta a iompar; agus chun líon na gcásanna ina ndiúltaíonn aeriompróir trealamh soghluaisteachta a iompar nó ina gcailltear trealamh soghluaisteachta nó ina ndéantar damáiste dó a íoslaghdú.

8.3. **Trealamh leighis a iompar**

De bhun Airteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 agus Iarscríbhinn II a ghabhann leis, ceanglaítear ar aeriompróirí trealamh leighis daoine faoi mhíchumas nó daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a iompar saor in aisce.

I bhfianaise speictream leathan na bpaisinéirí a bhféachtar lena chumhdach le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, níl aon sainmhíniú ann ar threalamh leighis ná ar chainníocht na n-ítimí sin is féidir a iompar (seachas trealamh soghluaisteachta, atá teoranta do dhá ítim, mar a luaitear thuas i bpointe 8.2). Ba cheart imthosca gach iarrata ar earraí den sórt sin a iompar a mheas ar a fiúntais aonair agus riachtanais an phaisinéara á gcur san áireamh.

D'fhéadfadh tionchar a bheith ag reachtaíocht maidir le hearraí contúirteacha ar iompar trealaimh leighis: ní fhéadfar cógas leachtach thar chainníocht áirithe nó steallairí a cheadú i mbagáiste cábáin ach amháin ar dheimhniú leighis a thaispeáint lena léirítear go bhfuil sé sár-riachtanach an trealamh nó an cógas a úsáid le linn an turais, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 300/2008.

([65]) Treoir IATA maidir le hIompar Áiseanna Soghluaisteachta – an chéad eagrán, Feabhra 2023, https://www.iata.org/contentassets/7b3762815ac44a10b83ccf5560c1b308/iata-guidance-on-the-transport-of-mobility-aids-final-feb2023.pdf.

Ní mór d'aeriompróirí ocsaigin leighis ar le daoine faoi mhíchumas í a iompar sa chábán saor in aisce, ar choinníoll go gcomhlíonann an trealamh aon cheanglais reachtúla a bhaineann le hiompar earraí contúirteacha agus atá bunaithe ar 'Threoracha Teicniúla ICAO maidir le hIompar Sábháilte Earraí Contúirteacha d'Aer' ([66]); agus faoi réir réamhfhógra a thabhairt don iompróir. Féadfaidh aeriompróirí a roghnú freisin ocsaigin leighis a sholáthar go díreach do phaisinéirí. Níl aon dualgas orthu é sin a dhéanamh, áfach, agus tá siad i dteideal táille a ghearradh as ocsaigin leighis a sholáthar. Má chinneann aeriompróirí ocsaigin leighis a sholáthar dá bpaisinéirí, is dea-chleachtas é í a thairiscint ar ráta lascainithe. Ba cheart d'aeriompróirí na táillí a ghearrann siad as ocsaigin leighis a sholáthar a fhoilsiú. Féadfaidh aeriompróirí réamhfhógra a éileamh faoin ngá atá le hocsaigin i gcás inar mian le duine faoi mhíchumas soláthar an aeriompróra féin a úsáid le linn eitilte.

Tá sé de dhualgas ar aeriompróirí an fhaisnéis ábhartha uile a sholáthar do phaisinéirí, i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún a bhaineann le hiompar earraí contúirteacha d'aer.

8.4. **Suíocháin a fhreastalaíonn ar riachtanais speisialta daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe** ([67])

De bhun Airteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 agus Iarscríbhinn II a ghabhann leis, ceanglaítear ar aeriompróirí gach iarracht réasúnach a dhéanamh suíocháin a shocrú chun freastal ar riachtanais daoine faoi mhíchumas nó daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe arna iarraidh sin dóibh agus faoi réir ceanglais sábháilteachta agus infhaighteachta ([68]).

Dá bhrí sin, ba cheart rochtain a bheith ag daoine faoi mhíchumas agus ag daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe ar shuíocháin iomchuí má bhíonn sin ar fáil tráth na háirithinte. Ní ghearrfar táille orthu as rochtain a fháil ar shuíochán iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 agus le hIarscríbhinn II a ghabhann leis. Ba cheart beartais aeriompróirí maidir le leithdháileadh suíochán do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a bheith trédhearcach. Ba cheart d'aeriompróirí a nósanna imeachta maidir le 'suíochán iomchuí' a iarraidh a fhoilsiú ar a suíomhanna gréasáin.

Féadfaidh aeriompróirí faisnéis a iarraidh faoi shrian i dtaca le daoine faoi mhíchumas nó faoi shrian soghluaisteachta chun go mbeidh siad in ann an suíochán is oiriúnaí a leithdháileadh ar an duine lena mbaineann.

Luaitear i Lámhleabhar ICAO ([69]) 'nuair a shainaithníonn duine cineál a mhíchumais, ba cheart don oibreoir aerárthaí, sula sannfar suíochán don phaisinéir sin, an paisinéir a chur ar an eolas faoi na suíocháin is inrochtana atá ar fáil agus ansin sannadh suíocháin iomchuí a bhunú leis an bpaisinéir sin (e.g. tacaí sciatháin inaistrithe, seomra níocháin in aice láimhe, suíochán in aice láimhe don duine faoi mhíchumas agus don chúntóir), faoi réir rialacháin sábháilteachta. Mura leithdháiltear suíocháin roimh ré, is dea-chleachtas é ligean do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe réamhbhordáil agus an suíochán is fearr a fhreastalóidh ar a riachtanais a roghnú, má tá sé ar fáil, faoi réir rialachán sábháilteachta'.

A luaithe a bheidh suíocháin leithdháilte, níor cheart daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a aistriú ó na suíocháin is oiriúnaí dóibh, seachas ar chúiseanna sábháilteachta. I gcás ina n-athrófar aerárthach, ba cheart suíochán iomchuí a ath-leithdháileadh ar dhaoine faoi mhíchumas agus ar dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe.

8.5. **Suíochán daoine atá ag tionlacan duine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe**

I gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, déanfaidh aeriompróirí gach iarracht réasúnach chun suíochán in aice leis an duine faoi mhíchumas nó leis an duine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe a thabhairt do dhuine tionlacain chun cabhrú leis an duine sin. Ina theannta sin, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún, ghlac Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (EASA) caighdeán maidir le hiompar catagóirí speisialta paisinéirí lena suitear (i measc pointí eile) gur cheart daoine atá ag tionlacan daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a bheith suite in aice leis an duine faoi mhíchumas nó leis an duine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe a bhfuil siad á dtionlacan ([70]).

([66]) Le doiciméad ICAO 9284, 'Treoracha Teicniúla maidir le hIompar Sábháilte Earraí Contúirteacha d'Aer', cuirtear i bhfeidhm na forálacha bunúsacha a leagtar amach in Iarscríbhinn 18 de chuid ICAO 'Iompar Sábháilte Earraí Contúirteacha d'Aer', dá dtagraítear freisin i Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún.

([67]) Féach freisin pointe 5.8 thuas.

([68]) Féach Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006. Mar shampla, ba cheart suíochán le taca sciatháin inaistrithe a leithdháileadh ar phaisinéir nach féidir a aistriú go héasca in ionad taca sciatháin seasta pasáiste; suíochán a sholáthraíonn spás breise do na cosa do phaisinéir nach féidir leis a chos a lúbadh; nó suíochán atá gar do sheomra níocháin nó gar do bhealach amach do phaisinéir a bhfuil lagú soghluaisteachta ag gabháil dó.

([69]) Féach mír 3.21 de Lámhleabhar na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) maidir le Rochtain ar Aeriompar ag Daoine faoi Mhíchumas (9984), an chéad eagrán, 2013.

([70]) Féach caighdeán AMC1 CAT.OP.MPA.155(c) de chuid Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (EASA): https://www.easa.europa.eu/sites/default/files/dfu/Annex%20II%20to%20ED%20Decision%20%28CAT%29%20v13%20%28for%20approval%29.pdf.
I gcomhthéacs Rialachán (AE) Uimh. 965/2012, ciallaíonn AMC 'modhanna inghlactha comhlíonta'; ciallaíonn CAT 'aeriompar tráchtála'; agus ciallaíonn OP 'oibríocht'.

De bhun Airteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 agus Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin, más rud é (i) go n-éilíonn aeriompróir cúntóir sábháilteachta chun duine faoi mhíchumas nó duine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe a thionlacan i gcomhréir le hAirteagal 4(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, agus (ii) go bhfuil an t-aeriompróir sin in ann an cúntóir sábháilteachta tionlacain a chur ina suí in aice leis an duine faoi mhíchumas nó in aice leis an duine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe; ansin ní mór nach ngearrfaidh an t-aeriompróir aon mhuirear breise as suíochán an chúntóra sábháilteachta a bheidh á thionlacan a chur in áirithe.

8.6. **Faisnéis shár-riachtanach faoi eitilt a chur in iúl**

De bhun Airteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 agus Iarscríbhinn II a ghabhann leis, ní mór faisnéis shár-riachtanach faoi eitiltí a chur ar fáil i bhformáidí inrochtana. Ba cheart go n-áireofaí leis sin i gcónaí an fhaisnéis sábháilteachta a bhaineann leis an aerárthach. Ón 28 Meitheamh 2025 ar aghaidh, ní mór do chur in iúl na faisnéise na rialacha a shonraítear i dTreoir (AE) 2019/882 a chomhlíonadh.

8.7. **Cúnamh chun gluaiseacht chuig áiseanna leithris**

De bhun Airteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 agus Iarscríbhinn II a ghabhann leis, ceanglaítear ar an bhfoireann cábáin cúnamh iomchuí a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe chun gluaiseacht óna suíochán go saoráidí leithris, i gcás inar gá.

Níor cheart, áfach, go gcuirfeadh cúnamh den sórt sin sláinte agus sábháilteacht na foirne cábáin i mbaol. Dá bhrí sin, in éagmais trealaimh iomchuí, níor cheart oibleagáid a bheith ar an bhfoireann cábáin cúnamh a thabhairt do dhuine faoi mhíchumas nó do dhuine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe a ardú de láimh óna shuíochán agus a ghluaiseacht go dtí na saoráidí leithris. I bprionsabal, ba cheart cathaoireacha rothaí ar bord a úsáid chun na críche sin i gcás ina bhfuil siad ar fáil (d'fhéadfadh cláir aistrithe nó ardaitheoirí de ghrád leighis a bheith ina roghanna malartacha coibhéiseacha).

Níor cheart cead bordála a dhiúltú do dhaoine faoi mhíchumas ná do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe díreach toisc nach féidir cúnamh a thabhairt dóibh gluaiseacht go dtí na saoráidí leithris toisc nach bhfuil cathaoir rothaí ar bord nó gaireas malartach ar fáil. I gcás inar féidir, ba cheart a chur in iúl dóibh roimh ré nach bhfuil cathaoir rothaí ar bord ná uirlis mhalartach ar fáil, ionas gur féidir leo cinneadh eolasach a dhéanamh maidir le taisteal faoi na coinníollacha sin nó gan taisteal faoi na coinníollacha sin. Ní riosca sábháilteachta ann féin é nach bhfuil daoine faoi mhíchumas ná daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe in ann na saoráidí leithris a úsáid agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé nach cúis bhailí é sin chun a n-iompar a dhiúltú, go háirithe le linn eitiltí gearraistir.

Ba cheart d'aeriompróirí, i gcás inar féidir, riachtanais daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh acu maidir le dearadh aerárthaí nua agus aerárthaí atá nua-athchóirithe ([71]). D'fhéadfadh go n-áireofaí leis sin cathaoir rothaí oiriúnach ar bord a sholáthar agus áiseanna leithris inrochtana a dhearadh. I ndoiciméad ECAC Uimh. 30, Cuid I, tá moltaí sonracha maidir le trealamh íosta inmhianaithe aerárthaí a bhaineann le riachtanais daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe ([72]).

9. **CAILLTEANAS TREALAIMH SOGHLUAISTEACHTA NÓ DAMÁISTE DO THREALAMH DEN SÓRT SIN**

Tá trealamh soghluaisteachta ríthábhachtach chun go bhfanfaidh daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe neamhspleách ina saol laethúil. Is minic a dhéantar iad de réir tomhais agus is féidir leo a bheith an-chostasach iad a athsholáthar nó a dheisiú.

De bhun Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, i gcás ina gcailltear trealamh soghluaisteachta nó feistí cúnta nó ina ndéantar damáiste dóibh agus iad á láimhseáil ag an aerfort nó á n-iompar ar bord an aerárthaigh, ba cheart an paisinéir lena mbaineann an trealamh a chúiteamh, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta.

([71]) Féach aithris 11 a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006.
([72]) Féach pointe 5.5 de dhoiciméad Uimh. 30, Cuid I, ECAC.

Leis an gCoinbhinsiún maidir le hAontú Rialacha Áirithe i dtaca le hIompar Idirnáisiúnta d'Aer (ar a dtugtar Coinbhinsiún Montréal de ghnáth), rialaítear dliteanas aeriompróirí i leith trealamh soghluaisteachta a cailleadh nó a ndearnadh damáiste dó ([73]). Luaitear sa Choinbhinsiún go bhfuil aeriompróirí faoi dhliteanas i leith aon chaillteanais nó damáiste do bhagáiste pearsanta (lena n-áirítear trealamh soghluaisteachta).

I gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, tá comhlachtaí bainistithe aerfort freagrach as trealamh soghluaisteachta a láimhseáil ar an talamh. Ní dhéanann sé sin difear do dhliteanas aeriompróirí faoi Choinbhinsiún Montréal i ndáil le damáistí a íoc i gcás ina gcailltear trealamh soghluaisteachta nó ina ndéantar damáiste dó. Mar sin féin, ní chuirtear cosc le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 ar aeriompróirí féachaint le costas aon chúitimh a íocadh a aisghabháil i gcás ina dtarlaíonn an caillteanas nó an damáiste do threalamh soghluaisteachta mar thoradh ar ghníomhaíochtaí chomhlacht bainistíochta an aerfoirt nó aon tríú páirtí eile.

Le hAirteagal 22(2) de Choinbhinsiún Montréal cuirtear teorainn le cúiteamh as bagáiste pearsanta a cailleadh nó a ndearnadh damáiste dó (lena n-áirítear trealamh soghluaisteachta) ([74]). Is minic nach gcumhdaítear leis an gcúiteamh sin na fíorchostais a bhaineann le trealamh soghluaisteachta a athsholáthar nó a dheisiú. Ceadaítear le hAirteagal 22(2) freisin do phaisinéirí dearbhú speisialta leasa a dhéanamh sa seachadadh ag an gceann scríbe nuair a thugtar an bagáiste ar láimh don aeriompróir agus, más gá, táille bhreise a íoc. Cuireann an paisinéir luach an bhagáiste in iúl sa dearbhú sin; agus, i gcás caillteanais nó damáiste, beidh an t-iompróir faoi dhliteanas suim a íoc nach mó ná luach dearbhaithe an bhagáiste, mura gcruthóidh sé gur mó an tsuim sin ná leas iarbhír an phaisinéara sa seachadadh ag an gceann scríbe.

Is dea-chleachtas é d'aeriompróirí agus dá ngníomhairí an rogha a thairiscint go réamhghníomhach do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe dearbhú leasa speisialta a dhéanamh de bhun Airteagal 22(2) de Choinbhinsiún Montréal – tráth na háirithinte cheana féin ach ar a dhéanaí nuair a thugtar an trealamh don iompróir. Is dea-chleachtas é cead a thabhairt an dearbhú sin a dhéanamh saor in aisce ([75]).

Moltar do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe atá ag taisteal lena dtrealamh soghluaisteachta breithniú a dhéanamh ar cheart a bpolasaí árachais a leathnú chuig caillteanas a dtrealaimh soghluaisteachta nó chuig damáiste dó.

10. **GEARÁIN**

Foráiltear le hAirteagal 15(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 go bhféadfadh duine faoi mhíchumas nó duine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe, a mheasann gur sáraíodh a chearta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, aird chomhlacht bainistithe an aerfoirt nó an aeriompróra lena mbaineann (de réir mar a bheidh) a tharraingt ar dtús ar an ábhar.

De bhun Airteagal 15(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, ní fhéadfaidh duine faoi mhíchumas nó duine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe gearán a chur faoi bhráid chomhlacht náisiúnta forfheidhmithe ach amháin (i) má tá gearán curtha faoi bhráid an aeriompróra nó an chomhlachta bainistithe aerfoirt acu cheana féin, agus (ii) mura bhfuil freagra tugtha ag an gcomhlacht sin don ghearánach laistigh de thréimhse réasúnach ama, nó má mheasann an gearánach nach bhfuil an freagra sásúil.

Féadfaidh duine faoi mhíchumas nó duine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe gearán a dhéanamh le haon cheann de na comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe atá i gceannas ar Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 a fhorfheidhmiú in aon cheann de na Ballstáit nó le haon údarás eile atá inniúil chun déileáil le gearáin a bhaineann leis an Rialachán sin ([76]).

([73]) Is páirtí conarthach é an tAontas sa Choinbhinsiún maidir le hAontú Rialacha Áirithe i dtaca le hIompar Idirnáisiúnta d'Aer. Féach Cinneadh 2001/539/CE ón gComhairle an 5 Aibreán 2001 maidir leis an gCoinbhinsiún maidir le hAontú Rialacha Áirithe i dtaca le hIompar Idirnáisiúnta d'Aer (Coinbhinsiún Montréal) á thabhairt i gcrích ag an gComhphobal Eorpach (IO L 194, 18.7.2001, lch. 38, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2001/539/oj).

([74]) Teorannaítear le Coinbhinsiún Montréal an ceart chun cúitimh agus dliteanas iompróra a theorannú do 1 288 gceart tarraingthe speisialta (CTSanna) (tuairim agus EUR 1 581 an 5.7.2024) i gcás ina scriostar bagáiste, ina gcailltear é, ina ndéantar damáiste dó nó ina gcuirtear moill air.

([75]) In 2013, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh Rialachán (COM(2013) 130 final) lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás nach gceadófar dóibh bordáil agus i gcás ina gcuirfear eitiltí ar ceal nó i gcás ina gcuirfear moill fhada orthu agus Rialachán (CE) Uimh. 2027/97 maidir le dliteanas aeriompróirí i leith iompar paisinéirí agus a gcuid bagáiste d'aer. Dá nglacfaí é, bheadh sé d'oibleagáid ar aeriompróirí agus ar a ngníomhairí an rogha a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe dearbhú speisialta leasa a dhéanamh saor in aisce (féach Airteagal 2(4) den togra). Tá glacadh an Rialacháin atá beartaithe ag na comhreachtóirí fós ar feitheamh.

([76]) Má bhaineann an gearán le cás trasteorann, is féidir leis an ngearánach dul i dteagmháil le Líonra na Lárionad Eorpach do Thomhaltóirí, a d'fhéadfadh cabhair phraiticiúil a chur ar fáil chun an gearán a réiteach: https://ec.europa.eu/info/live-work-travel-eu/consumers/resolve-your-consumer-complaint/european-consumer-centres-network-ecc-net_en#contact-ecc-net.

Mar sin féin, níl sé de dhlínse ag na comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe uile i ngach Ballstát gearáin den sórt sin a láimhseáil. De bhun Airteagal 14(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, níl comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe freagrach as a fhorfheidhmiú ach amháin a mhéid a bhaineann le heitiltí a imíonn amach ó aerfoirt atá suite i gcríoch a mBallstát nó a thuirlingíonn in aerfoirt atá suite i gcríoch a mBallstát.

Is dea-chleachtas é an cur chuige bunaithe ar mhinicíocht a leanúint, cosúil le gearáin a shannadh idir comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe le haghaidh Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 ([77]).

Maidir le gearáin a bhaineann leis an gcúnamh a cheanglaítear ar chomhlacht bainistithe aerfoirt a sholáthar: ba cheart gurb é an comhlacht náisiúnta forfheidhmithe inniúil an ceann atá sa Bhallstát ina bhfuil an t-aerfort lena mbaineann suite ([78]).

Maidir le gearáin a bhaineann leis an gcúnamh atá le soláthar ag aeriompróir: má tá an áit imeachta lonnaithe i mBallstát, ba cheart gurb é an comhlacht náisiúnta forfheidhmithe sa Bhallstát sin an comhlacht náisiúnta forfheidhmithe inniúil; ach má tá an áit imeachta suite lasmuigh de na Ballstáit agus má tá an eitilt á hoibriú ag iompróir ceadúnaithe de chuid an Aontais, ba cheart gurb é an comhlacht náisiúnta forfheidhmithe sa chéad Bhallstát ina dtagtar isteach an comhlacht náisiúnta forfheidhmithe inniúil.

Ciallaíonn prionsabal an chríochachais, má tharlaíonn teagmhas le linn eitilte, go bhféadfaidh an comhlacht náisiúnta forfheidhmithe atá ag láimhseáil an ghearáin iarraidh ar an gcomhlacht náisiúnta forfheidhmithe ón mBallstát a d'eisigh ceadúnas oibríochta an aeriompróra cúnamh a thabhairt chun an gearán a réiteach.

De bhun Airteagal 15(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, ní mór do an chomhlacht náisiúnta forfheidhmithe a fhaigheann an gearán ach nach bhfuil inniúlacht aige é a láimhseáil é a chur ar aghaidh chuig an gcomhlacht náisiúnta forfheidhmithe a bhfuil an inniúlacht sin aige.

Chun cur i bhfeidhm éifeachtach Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 a áirithiú, ní mór do comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe comhoibriú agus cúnamh frithpháirteach a thabhairt dá chéile, ionas gur féidir leis an comhlacht náisiúnta forfheidhmithe inniúil atá i gceannas ar ghearán faoi iompróir ar leith a láimhseáil an fhaisnéis is gá a fháil chun an gearán a réiteach (agus reachtaíocht an Aontais agus reachtaíocht náisiúnta maidir le cosaint sonraí á n-urramú go hiomlán).

Ba cheart do na heintitis ábhartha uile (aeriompróirí agus a ngníomhairí, tionscnóirí turas, comhlachtaí bainistithe aerfoirt agus comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe) na bearta uile is gá a dhéanamh chun a chur ar chumas daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a ngearáin a chur isteach trí mhodhanna inrochtana.

11. **RÓL NA GCOMHLACHTAÍ NÁISIÚNTA FORFHEIDHMITHE: FAIREACHÁN A DHÉANAMH AR CHOMHLÍONADH AGUS É A FHORFHEIDHMIÚ**

Ba cheart do chomhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú go n-urramófar cearta daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe. I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006, tá comhlacht náisiúnta forfheidhmithe nó comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe de chuid Ballstáit freagrach as forfheidhmiú an Rialacháin a mhéid a bhaineann le heitiltí a imíonn ó aerfoirt atá lonnaithe ina gcríoch nó a thagann isteach iontu.

([77]) Féach maidir leis sin an comhaontú idir comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe de bhun Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 ag https://transport.ec.europa.eu/transport-themes/passenger-rights/national-enforcement-bodies-neb_en?msclkid=d61cc23ecf8411ec8e7f093788aace20.

([78]) Féach aithris 17 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006.

Is dea-chleachtas é do gach comhlacht náisiúnta forfheidhmithe faireachán réamhghníomhach a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 agus comhlachtaí bainistithe aerfort agus aeriompróirí a thabhairt chun cuntais. D'fhéadfaí cigireachtaí rialta ag aerfoirt agus ag aeriompróirí a áireamh ar na gníomhaíochtaí faireacháin; athbhreithnithe ar shuíomhanna gréasáin aerfort agus aeriompróirí le haghaidh inrochtaineachta agus ábhar ábhartha do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe ([79]). Ba cheart do chomhlacht náisiúnta forfheidhmithe an Bhallstáit a bhfuil ceadúnas oibríochta aeriompróra an Aontais deonaithe aige faireachán a dhéanamh ar a chleachtais tráchtála a bhaineann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006; a 'lámhleabhair nós imeachta'; agus na huirlisí agus na nósanna imeachta atá curtha i bhfeidhm ag an aeriompróir chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Rialachán ina iomláine. Ba cheart dóibh faireachán a dhéanamh go háirithe ar rialacha sábháilteachta aeriompróirí chun a áirithiú go bhfuil siad bunaithe ar chúinsí sábháilteachta amháin agus ba cheart dóibh a áirithiú nach laghdóidh aeriompróirí líon na bpaisinéirí faoi mhíchumas agus líon na bpaisinéirí a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe ar chúiseanna eile (e.g. ar chúiseanna tráchtála). ní mór do chomhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe a bhraith cur i bhfeidhm mícheart Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 ar a gcríoch atá nasctha le cleachtais tráchtála, uirlisí agus nósanna imeachta aeriompróra, aird chomhlacht náisiúnta forfheidhmithe an Bhallstáit a dheonaíonn ceadúnas oibríochta aeriompróra an Aontais a tharraingt, chun go mbeidh comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe (más féidir) in ann gníomhaíochtaí a chomhordú chun deireadh a chur le cleachtais neamhdhleathacha.

Is dea-chleachtas é do chomhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe dul i gcomhairle go rialta le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine faoi mhíchumas agus ar dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar an tionscal (comhlachtaí bainistithe aerfort, aeriompróirí agus tionscnóirí turas) nó boird chomhairleacha a bhunú ar a mbeidh ionadaithe na bpáirtithe leasmhara sin. Nuair a bhunófar boird chomhairleacha um míchumas den sórt sin, d'fhéadfadh comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe breithniú a dhéanamh ar chuireadh a thabhairt (chomh maith le cuireadh a thabhairt d'eagraíochtaí ionadaíocha daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe) do shaineolaithe neamhchleamhnaithe a dhéileálann le haeriompar daoine faoi mhíchumas chomh maith le daoine neamhchleamhnaithe faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe ar daoine iad a eitlíonn go minic agus ar féidir leo comhairle phraiticiúil a chur ar fáil do chomhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe.

([79]) An 29 Samhain 2023, ghlac an Coimisiún togra reachtach le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 261/2004, (CE) Uimh. 1107/2006, (AE) Uimh. 1177/2010, (AE) Uimh. 181/2011 agus (AE) 2021/782 a mhéid a bhaineann le cearta paisinéirí a fhorfheidhmiú san Aontas (COM(2023) 753 final). Chuirfeadh sé sin d'oibleagáid ar aeriompróirí caighdeáin cháilíochta seirbhíse a bhunú a bhaineann le comhlíonadh a n-oibleagáidí a eascraíonn as an Rialachán seo agus tuarascáil a fhoilsiú gach 2 bhliain maidir le cur chun feidhme a gcaighdeán cáilíochta. Chuideodh tuarascálacha den sórt sin go mór le comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe a gcúraimí forfheidhmithe agus faireacháin a dhéanamh.